Parlaimint na hEorpa
2019-2024

an Coiste um Iascach

2022/0111(COD)

20.7.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlamint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) .../2022 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistithe don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir
(COM(2022)0171 – C9-0151/2022 – 2022/0111(COD))

an Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Clara Aguilera

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 110

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlamint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) .../2022 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistithe don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (COM(2022)0171 – C9-0151/2022 – 2022/0111(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0171),

– ag féachaint d'Airteagail 294(2) agus 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0151/2022) ,

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO L 365, 23.9.2022, lch. 55.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Ó glacadh Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) ag a chruinnithe bliantúla in 2017, 2018, 2019 agus ***2021*** roinnt beart atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun acmhainní iascaigh atá faoina chúram a chaomhnú. ***Thairis sin, níor chuir an tAontas chun feidhme go fóill bearta atá ceangailteach ó thaobh dlí de a glacadh ag cruinniú bliantúil ICCAT in 2006 maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta an tuinnín ghoirm.***	(1) Ó glacadh Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) ag a chruinnithe bliantúla in 2017, 2018, 2019 agus ***2022*** roinnt beart atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun acmhainní iascaigh atá faoina chúram a chaomhnú.
[2]Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).	[2]Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

Áirítear sa dréacht-tuarascáil sin freisin togra maidir le moltaí ICCAT ó chruinnithe bliantúla 2021 agus 2022 a thrasuí

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú chun bearta ICCAT a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, bearta maidir le tuinníní trópaiceacha, tuinnín colgach an Atlantaigh Thuaidh agus ***an Atlantaigh*** Theas, colgán na ndealg, ***an*** mairlín gorm agus geal, tuairisciú ar shonraí mairlíní, ***an*** mácó biorshrónach, chomh maith ***leis an gclár*** breathnóirí***,*** freagrachtaí ***na mbreathnóirí*** eolaíocha, agus liosta nuashonraithe speicis ICCAT.	(2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú chun bearta ICCAT a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, bearta maidir le tuinníní trópaiceacha, ***tuinníní colgacha na Meánmhara,,*** tuinnín colgach an Atlantaigh Thuaidh agus Theas, colgán na ndealg, mairlín gorm agus geal, tuairisciú ar shonraí mairlíní, mácó biorshrónach ***an Atlantaigh Thuaidh agus Theas***, ***foghabháil turtar, agus forálacha a bhaineann le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN),*** chomh maith ***le clár*** breathnóirí ***ina bhfuil*** freagrachtaí ***maidir le breathnóirí*** eolaíocha, agus liosta nuashonraithe ***de*** speicis ICCAT.

Or. en

Réasúnú

Cuireadh forálacha nua maidir le rialachán ICCAT san áireamh sa dréacht-tuarascáil sin chun an trasuí a nuashonrú leis na moltaí is déanaí a comhaontaíodh in ICCAT

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ba cheart Rialachán (AE) XX/2022[3] a leasú chun ***é*** a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ***maidir le dearbhú an Bhallstáit ina bhfuil na*** feirmeacha i ***dtaca le tabhairt anonn bhliantúil agus oibleagáidí áirithe*** maidir le cur i gcaighean.	(3) Ba cheart Rialachán (AE) XX/2022[3] a leasú chun ***forálacha maidir le bainistiú tuinníní gorma*** a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ***a bhaineann le sainmhínithe, aistrithe cuótaí, toirmeasc coinneála, iascaigh spóirt agus áineasa, taifead*** feirmeacha***, tuairisciú, údaruithe aistrithe, aitheantóirí cur*** i ***gcaighean, údaruithe*** maidir le cur i gcaighean***, oibríochtaí cur i gcaighean agus físfhaireachán a dhéantar air sin, rialú cur i gcaighean, agus gníomhaíochtaí***

rialaithe buainte ar na feirmeacha tar éis cur i gcaighean.

_____

*[3]**Togra nár ghlac na comhreachtóirí go fóill – COM (2019) 619 Críochnaitheach an 28.11.2019***.

_____

*[3] **IO C […], […], p. […]***

Or. en

Réasúnú

Áiríodh forálacha nua maidir leis an bplean bainisthe ilbhliantúil don tuinnín gorm sa dréacht-tuarascáil sin chun an rialachán a thabhairt cothrom le dáta leis na moltaí is déanaí a comhaontaíodh in ICCAT

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Is dócha go leasófar forálacha áirithe de Mholtaí ICCAT ag cruinnithe bliantúla ICCAT amach anseo i ngeall ar bhearta nua teicniúla agus bainistithe a thabharfar isteach maidir le hiascach a rialaítear faoi Choinbhinsiún ICCAT. Dá bhrí sin, chun leasuithe ar Mholtaí ICCAT sa todhchaí a chur chun feidhme go tapa i ndlí an Aontais roimh thús an tséasúir iascaireachta, ní mór an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na ***gnéithe seo a leanas: teorainneacha acmhainneachta maidir le tuinníní trópaiceacha agus tuairisciú a phlean bhliantúil acmhainneachta/iascaireachta; tabhairt anonn bhliantúil tuinníní mórshúileacha, thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas agus cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas; pleananna bainistíthe i ndáil le feistí comhbhailithe éisc***	(4) Is dócha go leasófar forálacha áirithe de Mholtaí ICCAT ag cruinnithe bliantúla ICCAT amach anseo i ngeall ar bhearta nua teicniúla agus bainistithe a thabharfar isteach maidir le hiascach a rialaítear faoi Choinbhinsiún ICCAT. Dá bhrí sin, chun leasuithe ar Mholtaí ICCAT sa todhchaí a chur chun feidhme go tapa i ndlí an Aontais roimh thús an tséasúir iascaireachta, ní mór an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na coinníollacha chun mácónna biorshrónacha a ***ghabháil agus a*** choinneáil***, chomh maith le bainistiú tuinníní gorma, teorainneacha ama tuairiscithe, tréimhsí ama le haghaidh séasúir iascaireachta, inneachar dearbhuithe maidir le tabhairt anonn, agus forálacha maidir le cúram a dhéanamh, maoluithe maidir le limistéir iascaireachta, soithí iascaireachta agus trealamh iascaireachta a ainmniú agus***

(FADanna); an líon baoithe gléasta; ceanglais FAD; faisnéis atá le cur isteach ag soithí maidir le FADanna; toirmeasc ar thréimhsí FAD; srianta ar an líon soithí a bhfuil iascaireacht á déanamh acu ar thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh; an plean bainistithe um cholgáin an Atlantaigh Thuaidh; coinníollacha chun ***gabháil a údarú agus chun*** mácónna biorshrónacha a choinneáil***; ceanglais*** chun ***go dtiocfaidh a oiread turtar mara*** agus ***is féidir slán; céatadán íosta an chumhdaigh breathnóra agus tomhas chéatadán an chumhdaigh; agus liosta speicis ICCAT a leasú***.	***maolú maidir le tuinníní gorma a iascach*** chun ***críocha feirmeoireachta, coinníollacha maidir le Breathnóir Réigiúnach a shannadh d'fheirmeacha*** agus ***do dhualgais na mBallstát agus inneachar an tuairiscithe bhliantúil maidir le cur i gcaighean***.

Or. en

Réasúnú

Nuashonrú le forálacha nua

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Ciallaíonn "feiste comhbhailithe éisc" (FAD) ní, struchtúr nó feiste buan, leathbhuan nó sealadach d'aon ábhar, bíodh sé nádúrtha nó de dhéantús an duine, a imscartar agus/nó a rianaítear, agus a úsáidtear chun éisc a chomhbhailiú lena ngabháil ina dhiaidh sin. Is féidir leis na FADanna a bheith ar ancaire (aFAD) nó ar fuaidreamh (dFAD);	(24) Ciallaíonn "feiste comhbhailithe éisc" (FAD) ní, struchtúr nó feiste buan, leathbhuan nó sealadach d'aon ábhar, bíodh sé nádúrtha nó de dhéantús an duine, a imscartar agus/nó a rianaítear, agus a úsáidtear chun éisc a chomhbhailiú lena ngabháil ina dhiaidh sin. Is féidir leis na FADanna a bheith ar ancaire (aFAD) nó ar fuaidreamh (dFAD);

Or. en

Réasúnú

Athrú teangeolaíoch.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe d
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ciallaíonn 'ní snámhach' aon ní nádúrtha nó saorga atá ar snámh (i.e. ar an dromchla nó ar an bhfodhromchla) nach bhfuil ar a chumas gluaiseacht as féin;	(31) Ciallaíonn 'ní snámhach' aon ní nádúrtha nó saorga atá ar snámh (i.e. ar an dromchla nó ar an bhfodhromchla) nach bhfuil ar a chumas gluaiseacht as féin***. FOBanna agus FOBanna de dhéantús an duine agus a imscartar d'aon ghnó agus/nó a rianaítear. Is éard atá i logaí ná FOBanna a chailltear de thaisme ó fhoinsí antraipeacha agus nádúrtha***;

Or. en

Réasúnú

Áirítear le moladh ICCAT 21-01 an téacs thuas a cuireadh leis an sainmhíniú ar ní snámhach

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe f a (nua)
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 34 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) cuirtear isteach an pointe seo a leanas leis:
	'(34) 'Ciallaíonn 'spiléir éadomhain' spiléir ina bhfuil tromlach na nduán ag doimhneacht níos lú ná 100 méadar nuair a úsáidtear iad.'

Or. en

Réasúnú

Moladh 22-12

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe f b (nua)
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 35 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fb) cuirtear isteach an pointe seo a leanas leis:
	'(35) ciallaíonn 'duán ciorclach' duán a bhfuil pointe aige atá casta siar go hingearach i gcoinne na lorga chun cruth ciorclach nó ubhchruthach a dhéanamh agus gan frithchúiteamh is mó ná 10 gcéim a úsáid.'

Or. en

Réasúnú

Moladh 22-12

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 5a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoin 31 Eanáir gach bliain, ***tabharfaidh*** na Ballstáit ***plean*** bliantúil acmhainneachta/iascaireachta ***ar aird***.	1. Faoin 31 Eanáir gach bliain, ***bunóidh*** na Ballstáit ***pleananna*** bliantúil acmhainneachta/iascaireachta.

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 5 a – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Gach trí mhí, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún líon na dtuinníní trópaiceacha de réir speiceas a ghabh soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu laistigh de 15 lá féilire ó dheireadh na tréimhse inar gabhadh iad, eadhon faoin 15 Aibreán, faoin 15 Iúil agus faoin 15 Deireadh Fómhair gach bliain agus faoin 15 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin, mura gcuirtear an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún go míosúil. Seolfar na tuarascálacha ráithiúla sin trí úsáid a bhaint as formáid na tuarascála comhiomlánaithe ar shonraí gabhála. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 30 Aibreán, faoin 30 Iúil agus faoin 30 Deireadh Fómhair gach bliain agus faoin 30 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin.

Or. en

Réasúnú

Moladh ICCAT nº 22-01

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 5b
	Iascach áineasa le haghaidh thuinníní colgacha na Meánmhara
	1. Ní dhéanfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá i mbun iascaigh áineasa níos mó ná trí eiseamal de thuinnín colgach na Meánmhara a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír in aghaidh an tsoithigh in aghaidh an lae;
	2. Beidh toirmeasc ar thuinníní colgacha na Meánmhara a ghabhtar in iascach áineasa a mhargú nó a dhíol;
	3. Cuirfidh na Ballstáit liosta de na soithí iascaigh áineasa uile atá údaraithe tuinníní colgacha na Meánmhara a ghabháil ar fáil don Choimisiún agus do Rúnaíocht ICCAT 15 lá ar a laghad sula ndéanfar na gníomhaíochtaí. Soithí nach bhfuil ar an liosta sin, ní údarófar dóibh tuinníní colgacha na Meánmhara a ghabháil.'

Or. en

Réasúnú

Moladh 22-05 ó ICCAT i gcomhréir le hAirteagal 55(3) de Rialachán (AE)1224/2009

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 6a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Aon tuinnín trópaiceach a ghabhfaidh peas-saighne de chuid an	2. Aon tuinnín trópaiceach a ghabhfaidh peas-saighne de chuid an

Aontais, ní féidir é a aischur le linn an chuir nuair a dhúnfar an eangach go hiomlán agus nuair a aisghabhfar breis agus leath na heangaí. ***Má bhíonn*** fadhb theicniúil leis an ***nós imeachta um*** eangach a dhúnadh nó a aisghabháil ***a fhágann nach féidir an riail sin a chur i bhfeidhm***, déanfaidh an criú gach iarracht na tuinníní a scaoileadh isteach san uisce a luaithe is féidir.	Aontais, ní féidir é a aischur le linn an chuir nuair a dhúnfar an eangach go hiomlán agus nuair a aisghabhfar breis agus leath na heangaí. ***I gcás ina mbeidh*** fadhb theicniúil ***ann maidir*** leis an eangach a dhúnadh nó a aisghabháil, déanfaidh ***máistrí, nó*** an criú ***thar a gceann,*** gach iarracht na tuinníní a scaoileadh isteach san uisce a luaithe is féidir.

Or. en

Réasúnú

Athruithe teangeolaíocha atá beartaithe chun an fhoráil sin a shoiléiriú. Ina theannta sin, ní féidir leis an bhfoireann a bheith freagrach as an bhforáil sin a chomhlíonadh, ba cheart gurb é an Máistir a bheadh i gceist.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh níos mó ná 300 FAD in aghaidh an tsoithigh ag a mbeidh baoithe oibríochtúla atá gníomhach in úsáid ag ***aon am amháin***.	4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh níos mó ná 300 FAD in aghaidh an tsoithigh ag a mbeidh baoithe oibríochtúla atá gníomhach in úsáid ag ***an am céanna***.

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 10 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Agus FADanna á n-úsáid nó á ndearadh acu, ***áiritheoidh*** na Ballstáit an méid seo a leanas:	2. Agus FADanna á n-úsáid nó á ndearadh acu, ***déanfaidh*** na Ballstáit an méid seo a leanas:

Or. en

Réasúnú

Déantar moladh ICCAT 21-01 a thrasuí ar bhealach níos cruinne

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 10 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) nach rachaidh gach FAD a chuirfear in úsáid i bhfostú i gcomhréir leis na treoirlínte faoi Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Moladh 19-02;	***(***a) ***a áirithiú*** nach rachaidh gach FAD a chuirfear in úsáid i bhfostú i gcomhréir leis na treoirlínte faoi Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Moladh 19-02;

Or. en

Réasúnú

Déantar moladh ICCAT 21-01 a thrasuí ar bhealach níos cruinne

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 10 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) go ndéanfar gach FAD as ábhair in-bhithdhíghrádaithe, lena n-áirítear neamhphlaistigh, cé is moite d'ábhair a úsáidfear chun baoithe rianaithe FAD a	***(***b) ***féachaint leis*** go ndéanfar gach FAD as ábhair in-bhithdhíghrádaithe, lena n-áirítear neamhphlaistigh, cé is moite d'ábhair a úsáidfear chun baoithe rianaithe

dhéanamh;	FAD a dhéanamh;

Or. en

Réasúnú

Déantar moladh ICCAT 21-01 a thrasuí ar bhealach níos cruinne

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfidh a ***soithí*** FADanna ar fuaidreamh le linn tréimhse 15 lá roimh thús na dtréimhsí coiscthe arna mbunú faoi dhlí an Aontais.	1. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfidh ***soithí*** a ***bhfuil a mbratach ar foluain*** FADanna ar fuaidreamh le linn tréimhse 15 lá roimh thús na dtréimhsí coiscthe arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Na Ballstáit a ***ndíríonn a soithí ar thuinníní*** trópaiceacha, ***déanfaidh siad an méid seo*** a leanas:	2. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go ndéanfaidh soithí*** a ***bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe tuinníní*** trópaiceacha ***a iascach cumhdach breathnóra íosta a bhunú***, ***mar*** a leanas:

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 27 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 27 a	***Airteagal 27***

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 27 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a bheidh ***80 % dá*** gcuóta ídithe, ***áiritheoidh*** na Ballstáit go ***scaoilfidh*** na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain orthu gach mairlín gorm (Makaira nigricans), gach mairlín geal (Tetrapturus albidus) agus gach mairlín cruinnghainneach (Tetrapturus georgei) atá ina mbeatha go fóill tráth a thugtar ar bord iad.	1. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a bheidh ***a*** gcuóta ***beagnach*** ídithe, ***déanfaidh*** na Ballstáit ***na bearta iomchuí chun a áirithiú*** go ***scoilfidh*** na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain orthu gach mairlín gorm (Makaira nigricans), gach mairlín geal (Tetrapturus albidus) agus gach mairlín cruinnghainneach (Tetrapturus georgei) atá ina mbeatha go fóill tráth a thugtar ar bord iad.

Or. en

Réasúnú

Déantar moladh ICCAT 18-04 a thrasuí ar bhealach níos cruinne

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 27 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Spreagfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na n-íoschaighdeán maidir leis na nósanna imeachta um láimhseáil shábháilte agus um scaoileadh beo a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 19-05 trí threoirlínte a sholáthar dá gcabhlach. Beidh gaireas ardaithe, gearrthóir boltaí, uirlis bainte duáin/scaoilte duáin agus gearrthóir líne ar fáil go héasca ar deic ***na*** soithí iascaireachta agus beidh rochtain éasca ag an gcriú orthu chun mairlíní beo a ghabhtar a scaoileadh go sábháilte.	3. Spreagfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na n-íoschaighdeán maidir leis na nósanna imeachta um láimhseáil shábháilte agus um scaoileadh beo a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 19-05 trí threoirlínte a sholáthar dá gcabhlach. Beidh gaireas ardaithe, gearrthóir boltaí, uirlis bainte duáin/scaoilte duáin agus gearrthóir líne ar fáil go héasca ar deic soithí iascaireachta ***an Aontais*** agus beidh rochtain éasca ag an gcriú orthu chun mairlíní beo a ghabhtar a scaoileadh go sábháilte.

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 27 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh oiliúint leormhaith ar chaptaen agus ar chriú a soithí iascaireachta, go mbeidh siad ar an eolas faoi na teicnící cearta	4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh oiliúint leormhaith ar chaptaen agus ar chriú a soithí iascaireachta, go mbeidh siad ar an eolas faoi na teicnící cearta

maolaithe, aitheantais, láimhseála agus scaoilte agus go n-úsáidfidh siad na teicnící sin, agus áiritheoidh na Ballstáit freisin go gcoinneofar ar bord an trealamh uile is gá chun mairlíní a scaoileadh i gcomhréir leis na híoschaighdeáin maidir ***leis na*** nósanna imeachta um láimhseáil shábháilte ***mar a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 19-05 trí threoirlínte a sholáthar dá gcabhlach***.	maolaithe, aitheantais, láimhseála agus scaoilte agus go n-úsáidfidh siad na teicnící sin, agus áiritheoidh na Ballstáit freisin go gcoinneofar ar bord an trealamh uile is gá chun mairlíní a scaoileadh i gcomhréir leis na ***treoirlínte faoi*** híoschaighdeáin maidir ***le*** nósanna imeachta um láimhseáil shábháilte ***dá dtagraítear i mír 3***.

Or. en

Réasúnú

Tá na treoirlínte maidir le híoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta um láimhseáil shábháilte luaite cheana i mír 3

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 27 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Féadfaidh na Ballstáit ***a*** soithí spléir peiligeacha agus a soithí peas-saighne a údarú le mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha atá marbh a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, laistigh dá dteorainneacha maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.	6. Féadfaidh na Ballstáit soithí spléir peiligeacha agus a soithí peas-saighne a ***bhfuil a mbratach ar foluain acu a*** údarú le mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha atá marbh a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, laistigh dá dteorainneacha maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 29 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. In iascaigh áineasa, scaoilfear aon iasc saor ar an mbealach is lú díobháil.	5. ***Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú,*** in iascaigh áineasa, ***go*** scaoilfear aon iasc saor ar an mbealach is lú ***is*** díobháil.

Or. en

Réasúnú

Sonraítear i Moladh 19-05 go ndéanfaidh CPCanna bearta iomchuí chun an fhoráil sin a áirithiú.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 24
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 33	Airteagal 33
An ***mácó biorshrónach*** (Isurus oxyrinchus)	***Mácónna biorshrónacha*** an ***Atlantaigh Thuaidh*** (Isurus oxyrinchus)
1. ***Scaoilfidh*** soithí iascaireachta de chuid an Aontais ***mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh*** saor go pras ***ar an mbealach is lú díobháil***, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht an chriú ***ag an am céanna***.	1. ***Ní dhéanfar díobháil do shiorcanna mácó biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a ghabhtar i*** soithí iascaireachta de chuid an Aontais ***agus scaoilfear*** saor ***san fharraige iad*** go pras, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht ***bhaill*** an chriú.
2. ***D'ainneoin mhír 1, féadfaidh*** na Ballstáit a soithí ***a údarú le mácónna*** biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a ***iascach, a choinneáil ar bord, a***	2. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go gcuirfidh*** a soithí ***na híoschaighdeáin i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta um láimhseáil agus scaoilte sábháilte mácó***

thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(i) tá an mácó biorshrónach marbh nuair a thugtar le taobh é chun é a thabhairt ar bord an tsoithigh;

(ii) ní sháraíonn an líon mácónna biorshrónacha a choinnítear an meánlíon mácónna biorshrónacha a thugann an soitheach iascaireachta i dtír agus breathnóir ar bord, agus déantar an méid sin a fhíorú le logleabhair éigeantacha agus trí iniúchadh a dhéanamh ar an tabhairt i dtír ar bhonn an mheasúnaithe riosca.

biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh ***mar*** a ***leagtar amach in Iarscríbhinn IX.***

3. ***Thairis*** sin, ***i gcás soithí atá níos faide ná 12 m, ní fhéadfaidh na Ballstáit a soithí a údarú le mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a iascach agus a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír ach amháin sna cásanna seo a leanas, i dteannta na gcoinníollacha dá bhforáiltear i mír 2:***

3. ***Ag tosú in 2023 agus go bliantúil ina dhiaidh*** sin, ***déanfaidh an Coimisiún méid na coinneála incheadaithe sa bhliain ina dhiaidh sin a bhailíochtú, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil.***

a) tá breathnóir nó córas faireacháin leictreonach atá ag feidhmiú ar bord an tsoithigh lenar féidir a fháil amach an bhfuil an t-iasc marbh nó beo;

b) bailíonn an breathnóir sonraí faoi líon na n-iasc a bhfuil duán iontu, fad coirp, gnéas, riocht, aibíocht (an bhfuil an t-iasc torrach agus méid an áil) agus meáchan na dtáirgí le haghaidh gach mácó bhiorshrónaigh a ghabhtar chomh maith leis an iarracht iascaireachta; agus

c) nuair nach gcoinneofar mácónna biorshrónacha, déanfaidh an breathnóir líon an ábhair mhuirí aischurtha mharbh agus líon na n-iasc a scaoilfear beo a thaifeadadh nó déanfar iad a mheas ó thaifid an chórais faireacháin leictreonaigh.

4. Moltar don bhreathnóir freisin samplaí bitheolaíocha a bhailiú amhail fíocháin mhatánacha (chun stoc a shainaithint), orgáin atáirgthe le suth (chun timthriall an toirchis agus aschur atáirgthe a shainaithint) agus veirteabraí

(chun meastachán a dhéanamh ar an gcuar fáis). Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann anailís a dhéanamh ar na samplaí bitheolaíocha a bhaileoidh an breathnóir agus ba cheart don Choimisiún an toradh a chur faoi bhráid an Bhuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh.

5. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún freisin líon an ábhair mhuirí aischurtha marbh agus líon mhácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a scaoilfear beo, líonta a mheasfar bunaithe ar iarracht iascaireachta iomlán a gcabhlach ábhartha agus úsáid á baint as sonraí a bhaileofar trí chláir breathnóirí nó trí chláir ábhartha eile maidir le bailiú sonraí. Na Ballstáit nach n-údaraíonn a soithí le mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a iascach agus a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír i gcomhréir le míreanna 2 agus 3, déanfaidh siad líon an ábhair mhuirí aischurtha mharbh agus líon mhácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a scaoilfear beo a thaifeadadh. Tuairisceoidh an Coimisiún an méid sin don Bhuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh.

Or. en

Réasúnú

Rinneadh Airteagal 33 a mhodhnú le Moladh ICCAT 21-09. Leagtar síos i Moladh ICCAT 21-09 nach bhfuil aon choinneáil incheadaithe i gcás mhácó biorshrónach an Atlantach Thuaidh. Cinnfear coinneáil fhéideartha amach anseo i gcomhréir le mír 5 den mholadh

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 24 a (nua)
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24a) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 33a
	Siorcanna mácó biorshrónacha an Atlantaigh Theas(Isurus oxyrinchus)
	1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a soithí na híoschaighdeáin i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta um láimhseáil agus scaoilte sábháilte mácó biorshrónacha an Atlantaigh Theas mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.
	2. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, ar bhonn míosúil, gach tabhairt i dtír incheadaithe a dhéanann soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe mácó biorshrónach an Atlantaigh Theas a ghabháil. Cuirfear an tuarascáil sin chuig an gCoimisiún laistigh de 15 lá ó dheireadh na míosa féilire ina ndearnadh na gabhálacha. Ina theannta sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún gach bliain maidir le hábhar muirí aischurtha marbh, scaoileadh beo agus líon iomlán gabhálacha na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu.
	3. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, na Ballstáit ar ghabh a soithí siorcanna mácó biorshrónacha an Atlantaigh Theas (tabhairt i dtír agus ábhar muirí aischurtha marbh), cuirfidh siad in iúl don Choimisiún an mhodheolaíocht staidrimh a úsáideadh chun meastachán a dhéanamh ar ábhar muirí aischurtha marbh agus ar scaoileadh beo. Cuirfidh na Ballstáit a bhfuil iascaigh mhionscála agus mhionscála acu faisnéis ar fáil freisin faoina gcláir maidir le bailiú sonraí.
	4. Mar chuid dá n-aighneacht bhliantúil Thasc 1 agus 2 sonraí, déanfaidh na Ballstáit na sonraí ábhartha uile maidir le mácó biorshrónach an

Atlantaigh Theas a sholáthar don Choimisiún, lena n-áirítear measatacháin ar ábhar muirí aischurtha marbh agus ar scaoileadh beo trí úsáid a bhaint as na modhanna arna bhformheas ag SCRS.'

Or. en

Réasúnú

Moladh ICCAT 22-11

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 a (nua) Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 41

An téacs atá ann	*Leasú*
	(25a) Leasaítear Airteagal 41 mar seo a leanas:
	(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	'2a. Ceanglóidh na Ballstáit ar na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a bhíonn ag iascaireacht le spiléir éadomhain an méid seo a leanas a dhéanamh:
	- gan ach duáin mhóra chiorclacha a úsáid;
	- gan ach baoite éisc eite a úsáid; nó
	- bearta eile a úsáid a bhfuil athbhreithniú déanta orthu agus a mheas ICCAT a bheith éifeachtach agus a d'fhormheas ICCAT chun ráta idirghníomhaíochta na dturtar mara in iascaigh spileár éadomhain.';
	(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:
'4. ***Cuirfidh*** na Ballstáit ***oiliúint ar iascairí ar shoithí spiléir peiligeacha i dtaca le láimhseáil shábháilte agus***	'4. ***Maidir leis*** na Ballstáit***:***

teicnící scaoilte.'

(a) a áirithiú go laghdófar na hidirghníomhaíochtaí le turtair mhara agus go gcuirfear deireadh leo a mhéid is féidir, i gcás inar doiciméadaíodh teagmháil le turtair mhara agus ina dtugtar tuairisc do SCRS ina leith, trí úsáid a bhaint as ceann amháin ar a laghad de na bearta maolaithe foghabhálacha seo a leanas nó trí leanúint dá n-úsáid:

(i) cineálacha trealaimh mhalartacha nó nua agus mionathruithe trealaimh;

(ii) srianta iascaireachta amlimistéir agus tréimhsí coiscthe i gcásanna ina bhfuil riosca níos mó ann d'dirghníomhaíochtaí le turtair mhara;

(iii) marcáil éifeachtach trealamh eangaí statach lenar féidir le turtair mhara iad a bhrath, amhail dathanna eangaí, frithchaiteoirí éighníomhacha éadroma, trastomhas sreangáin thiubha, coirc nó ábhair eile laistigh den líon a úsáid;

(iv) modhnuithe ar iompraíocht agus ar straitéis iascaireachta (mar shampla, laghdú ar an am maothaithe).

(b) ceangal a chur ar a soithí peas-saighne ciorclú turtar mara a sheachaint a mhéid is féidir, turtair mhara atá ciorclaithe nó i bhfostú, lena n-áirítear ar FADanna, a scaoileadh saor, i gcás inarb indéanta, agus a áirithiú go ndéanfar FADanna a tógadh i gcomhréir le hIarscríbhinn X a dhíothú go héifeachtach chun deireadh a chur le rioscaí maidir le turtar mara i bhfostú;

(c) gach beart réasúnach a dhéanamh chun a áirithiú go scaoilfear saor go sábháilte turtair mhara ar bhealach a mhéadóidh an dóchúlacht go dtiocfaidh siad slán tríd an méid seo a leanas a cheangal:

(i) Déanfaidh bord na soithí peas-saighne agus na soithí spiléireachta a

bhfuil a mbratach ar foluain acu, agus cineálacha eile soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a úsáideann trealamh a d'fhéadfadh turtair mhara a chur i bhfostú, uirlisí bainte duáin, gearrthóirí dorú agus cliabhán ardaithe nó eangacha cochaill a iompar ar bord, de réir mar is iomchuí do gach cineál trealaimh agus atá i gcomhréir leis na 'Cleachtais is Fearr maidir le turtair mhara a láimhseáil agus a scaoileadh saor' de Threoirlínte EBT chun básmhaireacht na dturtar mara a laghdú in oibríochtaí iascaireachta (2009)[1a] ('treoirlínte EBT');

(ii) úsáideann úinéirí, oibreoirí agus criú na soithí sin, chomh maith le haon bhreathnóirí ar bord, an trealamh sin i gcomhréir leis na cleachtais láimhseála agus scaoilte shábháilte in Iarscríbhinn XI, agus i gcomhréir le treoirlínte EBT. Ina theannta sin, spreagfar úinéirí, oibreoirí agus criú chun oiliúint a fháil maidir leis an trealamh sin a úsáid.

(d) a cheangal ar a n-iascairí ar árthaí atá ag díriú ar speicis a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún aon turtar mara arna ghabháil agus atá i dtámhshuan nó neamhghníomhach a thabhairt ar bord, más indéanta, a luaithe is féidir agus a théarnamh a chothú, lena n-áirítear athbheochan a thabhairt i gcomhréir le hIarscríbhinn XI sula gcuirfear ar ais san uisce é;

(e) a áirithiú go bhfuil iascairí ar an eolas faoi theicnící cuí maolaithe agus láimhseála, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XI, agus go n-úsáideann siad na teicnící sin.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. D'ainneoin mhír 2a agus mhír 4, sa Mheánmhuir:

(a) Ní bheidh feidhm ag mír 2a.

(b) Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 go dtí an 31 Nollaig 2025.

	1a ***http://www.fao.org/docrep/012/i0725e/i0725e.pdf”***

Or. en

Réasúnú

Moladh 22-12

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 – an chuid réamhráiteach
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 44a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Cuirtear isteach ***Airteagal nua 44bis***:	(26) Cuirtear isteach ***an tAirteagal seo a leanas***:

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 44 a – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 44bis	***Airteagal 44 a***

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú teangeolaíoch

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 44a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sa bhreis ar fhorálacha Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009[5], áiritheoidh ***gach Ballstát*** go mbeidh gléasanna rianaithe ***satailíte na*** soithí iascaireachta a bhfuil a ***bhratach*** ar foluain ***orthu ag buanfheidhmiú go ceart*** agus go leanúnach***,*** agus go ***mbaileofar*** agus ***go dtarchuirfear an fhaisnéis ar a laghad*** uair amháin gach uair an chloig i gcás soithí peas-saighne.	***De*** bhreis ar fhorálacha Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009[5] , áiritheoidh ***na Ballstáit*** go mbeidh gléasanna rianaithe soithí iascaireachta a bhfuil a ***mbratach*** ar foluain ***acu ag feidhmiú go buan*** agus go leanúnach agus go ***ndéanfar sonraí faoi shuíomh an tsoithigh a bhailiú*** agus ***a tharchur chuig údaráis inniúla an Bhallstáit*** uair amháin gach uair an chloig ***ar a laghad*** i gcás soithí peas-saighne ***agus uair amháin gach dhá uair an chloig ar a laghad i gcás gach soithigh eile***.
[5]Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).	[5]Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

Tá rialacha breise i Moladh 18-10 ar cheart iad a thrasuí sa Rialachán sin freisin

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 44 a – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás cliseadh teicniúil nó neamhoibriú an ghairis rianaithe atá feistithe ar bord soitheach iascaireachta de chuid an Aontais, déanfar an gaireas a dheisiú nó gaireas eile a chur ina ionad a luaithe is féidir nó laistigh d'aon mhí amháin ar a laghad ó am an teagmhais, ach amháin mura bhfuil an soitheach ag oibriú i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a thuilleadh. Ní chuirfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais tús le turas iascaireachta gan an gairis rianaithe a bheith deisithe nó gléas eile a bheith curtha ina ionad.

Or. en

Réasúnú

Tá rialacha breise i Moladh 18-10 ar cheart iad a thrasuí sa Rialachán sin freisin

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 66 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfaidh na Ballstáit bhrataí tuarascálacha ar sháruithe ó chigirí Stát an chalafoirt a mheas agus gníomhóidh siad dá réir mar a ghníomhódh siad i gcás tuarascálacha óna gcigirí féin, ***i gcomhréir lena dlíthe náisiúnta***.	5. Déanfaidh na Ballstáit bhrataí tuarascálacha ar sháruithe ó chigirí Stát an chalafoirt a mheas agus gníomhóidh siad dá réir mar a ghníomhódh siad i gcás tuarascálacha óna gcigirí féin, i gcomhréir le ***Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón***

gComhairle[1a].

_____

[1a]Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L347, 28.12.2017, lch. 81).

Or. en

Réasúnú

Bhí an tagairt don Rialachán maidir le Bainistiú Inbhuanaithe a dhéanamh ar Chabhlaigh Iascaireachta Sheachtracha (SMEFF)in easnamh

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32 a (nua)
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 69 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(32a) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	‘Airteagal 69a
	soithí neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN)
	Áiritheoidh na Ballstáit nach n-údarófar do shoithí atá ar liosta NNN tabhairt i dtír, trasloingsiú, athbhreoslú, athsholáthar ná gabháil d’idirbhearta tráchtála eile.’

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 35 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(35a) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin isteach mar Iarscríbhinn VIIIa, Iarscríbhinn VIIIb agus Iarscríbhinn VIIIc a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2107**.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 5

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:
	'Airteagal 5
	Sainmhínithe
	Chun críoch an Rialacháin sIN, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
	(1) ciallaíonn 'ICCAT' an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh;
	(2) ciallaíonn 'an Coinbhinsiún' an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh;
	(3) ciallaíonn 'Limistéar an Choinbhinsiúin' an ceantar geografach a shainmhínítear in Airteagal 1den Choinbhinsiún;
	(4) ciallaíonn 'CPC' Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún agus páirtí comhoibritheach neamhchonarthach,

eintiteas comhoibritheach neamhchonarthach, nó eintiteas comhoibritheach neamhchonarthach iascaireachta;

(5) ciallaíonn 'SCRS' an Buanchoiste um Thaighde agus um Staidreamh atá ag ICCAT;

(6) ciallaíonn 'oibreoir' an duine nádúrtha nó dlítheanach a oibríonn nó a shealbhaíonn aon ghnóthas atá ag tabhairt faoi cheann ar bith de na gníomhaíochtaí a bhaineann le haon chéim de na slabhraí táirgthe, próiseála, margaíochta, leithdháilte agus miondíola ar tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;

(7) ciallaíonn 'an Ballstát freagrach' an Ballstát ar leis an bhratach nó an Ballstát ar cuid dá dhlínse an áit a bhfuil an fheirm nó an gaiste lonnaithe.

(8) Ciallaíonn 'CPC feirme' an Ballstát ina bhfuil an fheirm tuinnín ghoirm suite faoina dhlínse;

(9) Ciallaíonn 'CPC brataí' an Ballstát ina bhfuil bratach ar foluain ar an soitheach iascaireachta;

(10) Ciallaíonn 'CPC Duáin' an Ballstát ina bhfuil an gaiste suite faoina dhlínse;

(11) ciallaíonn 'soitheach iascaireachta' aon soitheach cumhachtaithe a úsáidtear chun acmhainní an tuinnín ghoirm a shaothrú ar bhonn tráchtála, lena n-áirítear soithí gabhála, soithí próiseála éisc, soithí tacaíochta, soithí tarraingthe, soithí a ghabhann don trasloingsiú agus soithí iompair atá feistithe le táirgí an tuinnín a iompar agus soithí coimhdeachta, seachas soithí coimeádán;

(12) ciallaíonn 'soitheach gabhála' soitheach a úsáidtear chun acmhainní tuinníní gorma a ghabháil ar bhonn tráchtála;

(13) Ciallaíonn 'soitheach tarraingthe' aon soitheach a úsáidtear chun caighin tuinnín ghoirm bheo a tharraingt;

(14) ciallaíonn 'soitheach próiseála' soitheach ar a mbíonn táirgí iascaireachta faoi réir ag ceann de na hoibríochtaí seo a leanas nó ag cuid de na hoibríochtaí seo a leanas sula ndéantar pacáistiú orthu: filléadú nó slisíniú, reo agus/nó próiseáil;

(15) ciallaíonn 'soitheach cúnta' soitheach a úsáidtear chun tuinníní gorma marbha (gan phróiseáil) a iompar ó chaighean iompair/feirmeoireachta, ó shoitheach peas-saighne nó ó ghaiste chuig calafort ainmnithe agus/nó chuig soitheach próiseála;

(16) is éard is 'soitheach cósta mionscála' ann soitheach gabhála a bhfuil rud nach lú ná trí cinn de na cúig thréith seo a leanas ag roinnt leis:

(a) Tá fad iomlán acu ar lú é ná 12 m;

(b) ní dhéanann an soitheach a chuid iascaireachta ach amháin laistigh de na huiscí atá i ndlínse an Bhallstáit brataí;

(c) ní mhaireann na sciuirdeanna iascaireachta ach achar níos lú ná 24 uair an chloig;

(d) ní théann líon na foirne thar cheathrar; nó

(e) bíonn modhanna iascaireachta atá in úsáid ag an soitheach, ar modhanna iad atá roghnaitheach agus ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol;

(17) ciallaíonn 'soitheach spiléir peiligeach mórscála' soitheach spiléir peiligeach ar mó ná 24 mhéadar a fhad iomlán;

(18) Ciallaíonn 'soitheach tacaíochta' aon soitheach eile atá údaraithe oibriú in iascach an tuinnín ghoirm chun cúraimí tacaíochta a dhéanamh agus nach dtagann faoi aon cheann de na catagóirí eile dá dtagraítear san Airteagal sin;

(19) ciallaíonn "iascach áineasa" an ghníomhaíocht in iascach neamhthráchtála a bhaineann leas as bith-acmhainní muirí i gcomhair na siamsaíochta nó na turasóireachta nó i gcomhair an spóirt;

(20) ciallaíonn 'peaslíonta saighne' líon ciorclaithe a bhfuil a bhun tarraingthe le chéile ag braighdín íochtair ag bun na heangaí, agus an braighdín sin ag dul trí shraith fáinní ar feadh na téide grinnill i dtreo is gur féidir an eangach a fháscadh agus a dhúnadh;

(21) ciallaíonn 'comhoibríocht iascaireachta' oibríocht ina bhfuil dhá shoitheach peas-saighne nó níos mó páirteach agus ina ndéantar gabháil de chuid soitheach peas-saighne amháin a shannadh do shoitheach peas-saighne eile nó níos mó i gcomhréir le scála leithdháilte na gcion;

(22) ciallaíonn 'grúpa trealaimh' grúpa de shoithí iascaireachta arb é an trealamh céanna atá in úsáid acu agus ar leithdháileadh cuóta grúpa orthu;

(23) ciallaíonn "iarracht iascaireachta" an toradh a bhíonn ar an rud is acmhainn do shoitheach iascaireachta, agus an toradh a bhíonn ar ghníomhaíocht soithigh iascaireachta i dtomhas a chuid oibríochtaí iascaireachta. Bíonn éagsúlacht sa tomhas sin ó threalamh go trealamh. Is é líon na nduán nó líon na n-uaireanta duáin an tomhas atá ann i gcás iascach le dorú fada. Is é líon na laethanta bádóireachta an tomhas atá ann i gcás na soithí peas-saighne (an t-am a chaitear ag iascaireacht móide an t-am a chaitear i mbun cuardaigh);

(24) ciallaíonn 'iascaireacht go gníomhach', i gcás soithigh dá mbíonn i mbun gabhála, an ghabháil a fhéachann siad le déanamh ar an tuinnín gorm i rith séasúr iascaireachta ar leith;

(25) ciallaíonn 'DGTG' doiciméad

gabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm;

(26) ciallaíonn 'r-DGTG' doiciméad gabhála leictreonach i gcomhair an tuinnín ghoirm;

(27) ciallaíonn 'trasloingsiú' gach a bhfuil nó cuid dá bhfuil de tháirgí iascaireachta ar bord soithigh iascaireachta a athluchtú go soitheach iascaireachta eile. Bíodh sin mar atá, an t-athluchtú a dhéantar ar an tuinnín gorm marbh ó eangach na peas-saighne, ón ngaiste, nó ón soitheach tarraingthe ar shoitheach coimhdeachta, is éard a mheastar nach trasloingsiú atá san athluchtú sin;

(28) ciallaíonn "tuinnín gorm beo" an tuinnín gorm a choinnítear beo seal i ngaiste, nó an tuinnín a aistrítear agus é ina bheo chuig ionad feirmeoireachta, nó an tuinnín a bhíonn i gcaighean, nó á thógáil ar fheirm, an tuinnín a bhaintear ina fhómhar i ndeireadh ama, nó an tuinnín a scaoiltear saor;

(29) ciallaíonn 'saothrú' tuinníní gorma a mharú ar fheirmeacha nó i ngaistí;

(30) ciallaíonn 'gaiste' trealamh feistithe ar ancaire ar an ngrinneall, a mbíonn eangach treorach ina cuid de go hiondúil agus lena dtreoraítear tuinníní gorma isteach i bhfál nó sraith d'fhálta, áit a gcoinnítear é sula ndéantar é a shaothrú;

(31) ciallaíonn "cur i gcaighean" tuinníní gorma a athlonnú ar fheirmeacha agus iad a bheathú ina dhiaidh sin chun iad a ramhrú agus an bhithmhais iomlán atá iontu a mhéadú;

(32) Ciallaíonn 'cur i gcaighean rialaithe' an oibríocht cur i gcaighean a dhéantar arís agus arís eile arna iarraidh sin do na húdaráis rialaithe, chun líon agus nó meánmheáchan na n-iasc atá á gcur i gcaighean a fhíorú;

(33) ciallaíonn 'feirmeoireacht' nó

‘ramhrú’ tuinníní gorma a chur i gcaighean ar fheirmeacha agus iad a bheathú ina dhiaidh sin chun iad a ramhrú agus a mbithmhais iomlán a mhéadú;

(34) ciallaíonn ‘feirm’ limistéar muirí a bhfuil sainmhíniú soiléir air sna comhordanáidí geografacha, limistéar a úsáidtear le tuinníní gorma a ramhrú nó lena dtógáil ar fheirm, tuinníní a gabhadh i ngaistí agus/nó ar shoithí peas-saighne. D’fhéadfadh suíomhanna éagsúla a bheith ag feirm, sainmhíniú orthu ar fad sna comhordanáidí geografacha, agus sainmhíniú soiléir ar an domhanfhad agus ar an domhanleithead i gcás gach pointe de phointí an pholagáin;

(35) Ciallaíonn ‘acmhainneancht feirmeoireachta ionchuir’ an t-uasmhéid tuinníní gorma fiáine i dtonaí a cheadaítear d’fheirm a chur i gcaighean le linn séasúr iascaireachta;

(36) ciallaíonn ‘aistriú’ aistriú a dhéanamh ar ní ar bith de na nithe seo a leanas:

(a) tuinnín gorm beo ó eangach an tsoithigh gabhála chuig an gcaighean iompair;

(b) tuinnín gorm beo ón ngaiste go dtí an caighean iompair bíodh soitheach tarraingthe i láthair nó ná bíodh;

(c) tuinnín gorm beo ón gcaighean iompair chuig caighean iompair eile;

(d) caighean a bhfuil an tuinnín gorm beo ann ó shoitheach tarraingthe amháin chuig soitheach tarraingthe eile;

(e) tuinnín gorm beo idir caighin éagsúla san aon fheirm amháin (aistriú laistigh den fheirm);

(f) tuinnín gorm beo ó fheirm chuig caighean iompair;

(37) Ciallaíonn “aistriú rialaithe” athdhéanamh aon aistrithe a chuirtear chun feidhme arna iarraidh sin do na

húdaráis rialaithe;

(38) Ciallaíonn 'aistriú idir feirmeacha' tuinníní gorma beo a athlonnú ó fheirm amháin go feirm eile ina bhfuil dhá chéim, aistriú ó chaighean na feirme deontóra go caighean iompair agus cur i gcaighean ón gcaighean iompair go dtí caighean na feirme glactha;

(39) Ciallaíonn "an chéad aistriú" tuinníní gorma beo a aistriú ó eangach peas-saighne nó ó ghaiste chuig caighean iompair;

(40) Ciallaíonn 'aistriú breise' aon oibríocht aistrithe a dhéantar tar éis an chéad aistrithe agus roimh an gcur i gcaighean ar an bhfeirm chinn scríbe, amhail a bhfuil sa dhá chaighean iompair a roinnt nó a chumasc, cé is moite d'aistrithe deonacha nó rialaithe;

(41) Ciallaíonn 'aistriú deonach' athdhéanamh aon aistrithe atá á chur chun feidhme go deonach ag máistir an tsoithigh gabhála nó ag an ionadaí, nó ag ionadaí feirme nó gaiste as a dtionscnaíonn oibríocht aistrithe;

(42) ciallaíonn 'ceamara rialaithe' ceamara steiréascópach agus/nó gnáth-fhíscheamara chun críoch na rialuithe dá bhforáiltear sa Rialachán sin;

(43) ciallaíonn "ceamara steiréascópach" ceamara ar a bhfuil dhá lionsa nó rud is mó ná dhá lionsa, agus braiteoir íomhánna nó fráma scannáin ar leith le haghaidh gach lionsa ionas gur féidir íomhánna tríthoiseacha a thógáil ar mhaithe le fad an éisc a thomhas;

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) In Airteagal 7, cuirtear na pointí (a) agus (b) seo a leanas isteach i mír (...):	***scriosta***
'a) déanfaidh na Ballstáit feirme dearbhú i dtaca le tabhairt anonn bhliantúil a chomhlánú agus a tharchur chuig an gCoimisiún gach bliain faoin 25 Bealtaine.	
Áireofar an méid seo a leanas sa dearbhú sin:	
— cainníochtaí (arna sloinneadh in kg) agus líon na n-iasc a bheartaítear a thabhairt anonn,	
— bliain na gabhála,	
— meánmheáchan,	
— CPC brataí,	
— tagairtí don Doiciméad um Ghabháil Tuinníní Gorma (DGTG) a chomhfhreagraíonn do na gabhálacha a thugtar anonn,	
— ainm agus uimhir ICCAT na feirme,	
— uimhir an chaighin, agus	
— faisnéis maidir leis na cainníochtaí a buaineadh (arna sloinneadh ina kg), tráth dheireadh na buainte.	
b) déanfar cainníochtaí a thabharfar anonn i gcomhréir leis an mír thuas a chur i gcaighin ar leithligh nó i sraitheanna ar leithligh caighean ar an bhfeirm ar bhonn na bliana inar gabhadh iad.'	

Or. en

Réasúnú

Forálacha a áirítear cheana i Rialachán (AE) XX/2022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíthe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 8

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:
	'Airteagal 8
	Cuótaí nár úsáideadh a thabhairt anonn
	1. Aon chuid de chuóta bliantúil nó de theorainn ghabhála an Bhallstáit nach n-úsáidfear, féadfar í a chur leis an gcuóta/teorainn ghabhála ó bhliain amháin go dtí an bhliain dár gcionn agus a phlean iascaireachta bliantúil á tharchur aige.
	2. An tearcúsáid uasta tuinníní gorma is féidir le Ballstát a thabhairt anonn in aon bhliain ar leith, ní sháróidh sé an méid a cheadóidh ICCAT sa bhliain áirithe sin.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 b (nua)

Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 14 – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1b) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:
	'Bunóidh Ballstáit ag a bhfuil cuóta tuinníní gorma plean faireacháin, rialaithe agus cigireachta bliantúil d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán sin. Cuirfidh gach Ballstát a phlean féin faoi bhráid an Choimisiúin. Bunóidh gach Ballstát a phlean i gcomhréir leis an méid seo a leanas:'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 c (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 15– míreanna 6 agus 7

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1c) Leasaítear Airteagal 15 mar seo a leanas:
	(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 6:
	'6. Tuairisceoidh na Ballstáit staitisticí maidir leis an méid bliantúil cur i gcaighean (ionchuir éisc fhiáin a gabhadh), buaint agus onnmhairiú chuig an gCoimisiún, a chuirfidh na sonraí ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT, go dtí go mbeidh feidhmiúlacht eastósctha sonraí forbartha ag rúnaíocht ICCAT sa chóras r-DGTG agus go mbeidh an

fheidhmiúlacht sin ar fáil.'

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 7:

'7. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh na Ballstáit pleananna bainistithe feirmeoireachta athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Bealtaine gach bliain lena dtarchur chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 1 Meitheamh gach bliain."

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 d (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 17 – mír 5

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1d) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:
	'5. Ceadófar do shoithí gabhála spléir peiligeacha mórscála a bhfuil fad iomlán acu atá níos mó ná 24 m tuinníní gorma a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine cé is moite den limistéar Siar ó l0°I agus ó Thuaidh ó 42°T."

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 e (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 21 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1e) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 21a
	Toirmeasc ar thuinníní gorma a choinneáil ar bord soithí tacaíochta
	Ní dhéanfaidh soithí tacaíochta tuinníní gorma a choinneáil ar bord ná a iompar.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 f (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 24

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1f) Leasaítear Airteagal 24 mar seo a leanas:
	(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:
	'3. Beidh toirmeasc ar thuinníní gorma a gabhadh in iascaigh áineasa a dhíol nó a chur ar an margadh.';
	(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:

	‘4. Déanfaidh na Ballstáit taifead ar shonraí gabhála lena n-áirítear meáchan gach tuinnín ghoirm a gabhadh in iascaigh áineasa agus cuirfidh siad na sonraí don bhliain roimhe sin in iúl don Choimisiún faoin 30 Meitheamh gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT gan mhoill.’;
	(c) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 5:
	‘5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, a mhéid is féidir, go scaoilfear tuinníní gorma, go háirithe tuinníní óga, a ghabhtar beo in iascaigh áineasa. Aon tuinnín gorm a thabharfar i dtír, beidh sé iomlán, geolbhaithe agus/nó glanta.’

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 g (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 26 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1g) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
	‘1. Gach bliain, mí amháin roimh thús na tréimhse údaraithe, cuirfidh na Ballstáit isteach an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI maidir leis na liostaí soithí seo a leanas:
	(a) gach soitheach gabhála a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar thuinníní gorma; agus

(b) gach soitheach eile atá i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tuinnín gorm, seachas soithí gabhála.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT 15 lá roimh thús na gníomhaíochta iascaireachta ionas gur féidir na soithí sin a chur isteach i dtaifead ICCAT ar shoithí údaraithe agus, más ábhartha, i dtaifead ICCAT ar shoithí atá 20 méadar ar fad nó is faide ná sin ina n-iomláine agus atá údaraithe chun oibriú i Limistéar an Choinbhinsiúin.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 h (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 27 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1h) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
	'2. Gan dochar d'Airteagal 20(6), na soithí iascaireachta de chuid an Aontais nár cuireadh isteach sna taifid de chuid ICCAT dá dtagraítear in Airteagal 26, ní mheasfar iad a bheith údaraithe chun iascach ar thuinníní gorma ná tuinníní gorma a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar, a aistriú, a phróiseáil ná a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir ná sa Mheánmhuir.'

Or. en

Réasúnú

Rinneadh na tagairtí do na hairteagail a nuashonrú

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 i (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 28

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1i) Leasaítear Airteagal 28 mar seo a leanas:
	(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:
	'1. Mar chuid dá bpleananna iascaireachta, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach liosta de ghaistí atá údaraithe tuinníní gorma a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT ionas gur féidir na gaistí sin a chur isteach i dtaifead ICCAT ar na gaistí atá údaraithe chun iascach ar thuinníní gorma.';
	(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	'5. Tar éis dóibh taifead ICCAT ar ghaistí a shuíomh, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon bhreisiú, aon scriosadh agus/nó aon mhodhnú ar thaifead ICCAT ar ghaistí tráth ar bith a tharlaíonn na hathruithe sin. Cuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin in iúl do Rúnaíocht ICCAT gan mhoill.'

Or. en

Réasúnú

Tugadh mír 1 cothrom le dáta leis an bhfocal "go leictreonach" agus tagairt d'Iarscríbhinn XVII (Iarscríbhinn 14 a ghabhann le moladh 22-08). Trasuíodh mír 5 ó leathanach 12 a ghabhann le moladh 22-08

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 j (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 28 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1j) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 28a
	Taifead ar fheirmeacha
	1. Mar chuid dá bpleananna iascaireachta, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach liosta feirmeacha atá údaraithe tuinníní gorma a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn XVIII. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT ionas gur féidir na feirmeacha sin a chur isteach i dtaifead ICCAT ar na feirmeacha iad atá údaraithe chun iascach ar thuinníní gorma.
	2. Feirmeacha tuinnín nár iontráladh i dtaifead ICCAT ar fheirmeacha, ní mheasfar iad a bheith údaraithe tuinníní gorma a oibriú.
	3. Ní údarófar gníomhaíochtaí feirmeoireachta, lena n-áirítear tuinníní gorma a bheathú chun críocha ramhraithe nó tuinníní gorma a shaothrú, lasmuigh de na comhordanáidí geografacha arna bhformheas le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta.

4. Tar éis dóibh taifead ICCAT ar ghaistí a shuíomh, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon bhreisiú, aon scriosadh agus/nó aon mhodhnú ar thaifead ICCAT ar ghaistí tráth ar bith a tharlaíonn na hathruithe sin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT gan mhoill.

5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach gcuirfear tuinníní gorma ar fheirm nach bhfuil liostaithe i dtaifead ICCAT ar fheirmeacha agus nach bhfaighidh na feirmeacha tuinníní gorma ó shoithí nach bhfuil ar áireamh i dTaifead ICCAT ar shoithí. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun toirmeasc a chur ar aon oibríocht ar fheirmeacha nach bhfuil cláraithe i dtaifead ICCAT ar fheirmeacha. '

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 k (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 33 – mír 4

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1k) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 33:
	'4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal sin difear do dhul isteach soithigh iascaireachta CPC sa chalafort, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar chúiseanna force majeure nó guaise.'

Or. en

Réasúnú

Moladh ICCAT 22-08, leathanach 15

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 34 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1l) in Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
	'2. Sula rachaidh siad isteach sa chalafort, déanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus soithí a áirítear ar an liosta soithí dá dtagraítear in Airteagal 26, nó déanfaidh a n-ionadaithe údaraithe, ceithre uair an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, fógra a thabhairt d'údarás inniúil a mBallstáit brataí nó an CPC ar mian leo úsáid a bhaint as a chalafoirt nó a shaoráidí tabhairt i dtír faoin méid seo a leanas ar a laghad:
	(a) Dáta agus am teachta measta;
	(b) meastachán ar an gcainníocht de thuinníní gorma atá ar bord;
	(c) faisnéis maidir leis an limistéar geografach inar gabhadh na gabhálacha;'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 m (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 35 – mír 5

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1m) in Airteagal 35, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:
	'5. Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bheidh ag gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe dearbhú trasloingsithe ICCAT a chomhlánú agus a tharchur chuig a mBallstát brataí tráth nach déanaí ná cúig lá tar éis dháta an trasloingsithe sa chalafort de réir Mholadh 21-15. Déanfaidh máistrí na soithí iascaireachta trasloingsithe dearbhú trasloingsithe ICCAT a chomhlánú i gcomhréir leis an bhformáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn X. Nascfar an dearbhú trasloingsithe le r-DGTG chun cros-seiceáil na sonraí atá ann a éascú.'

Or. en

Réasúnú

Moladh ICCAT 22-08, leathanach 16

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 n (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 36

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1n) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 36:
	'Airteagal 36

Tuarascálacha maidir le cainníochtaí

Seolfaidh na Ballstáit tuarascálacha maidir le gabhálacha chuig an gCoimisiún gach coicís. Áireofar sna tuarascálacha sin na sonraí a cheanglaítear faoi Airteagal 31 maidir le gaistí, soithí peas-saighne agus soithí gabhála eile. Déanfar an fhaisnéis a leagan amach de réir an chineáil trealaimh. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT gan mhoill.'

Or. en

Réasúnú

Moladh ICCAT 22-08, leathanach 16

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 o (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 38

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1o) Leasaítear Airteagal 38 mar seo a leanas:
	(1) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:
	'2. De mhaolú ar mhír 1, chun tuinníní a scaoileadh ó fheirmeacha, ní bheidh ach breathnóirí réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 39, agus ní breathnóirí náisiúnta, i láthair ar shoithí tarraingthe.'
	(2) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:
	'3. Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII na hoibleagáidí, na freagrachtaí agus na cúraimí is infheidhme maidir leis na breathnóirí náisiúnta.'

(3) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 5:

'5. Chun críocha an Airteagail sin, áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go ndéanfar ionadaíocht ama agus spásúil d'fhonn a áirithiú go bhfaighidh an Coimisiún sonraí agus faisnéis leordhóthanach iomchuí maidir leis an ngabháil, an iarracht agus gnéithe eolaíochta agus bainistithe eile, agus na gnéithe a bhaineann leis na cabhlaigh agus leis na hiascaigh á gcur san áireamh;

(b) go mbeidh prótacail láidre ann maidir le bailiú sonraí;

(c) go mbeidh breathnóirí oilte agus faofa mar is ceart sula rachaidh siad i mbun oibre;

(d) go gcuirfear liosta teagmhálaithe ar fáil do bhreathnóirí, sula gcuirfear tús lena n-imscaradh, laistigh d'údarás inniúil an Bhallstáit i gcás inar cheart dóibh barúlacha a thuairisciú;

(e) a mhéid is féidir, go ndéanfar an cur isteach is lú is féidir ar oibríochtaí soithí agus gaistí a bheidh i mbun iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin;

(f) go gceadóidh máistir an tsoithigh iascaireachta nó oibreoir an ghaiste rochtain don bhreathnóir ar an modh leictreonach cumarsáide ar bord an tsoithigh iascaireachta nó ar an ngaiste.'

Or. en

Réasúnú

Moladh ICCAT 22-08, leathanaigh 17 agus 18

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 p (nua)

Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 39

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1p) Leasaítear Airteagal 39 mar seo a leanas:
	(1) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
	'(c) le linn gach aistrithe ó chaighean feirme amháin go caighin iompair, a tharraingítear go feirm eile ina dhiaidh sin;'
	(2) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:
	'4. Áiritheoidh na Ballstáit go sannfar breathnóir réigiúnach ICCAT amháin do gach feirm ar feadh thréimhse iomlán na n-oibríochtaí cur i gcaighean agus buainte. I gcás force majeure, agus tar éis don Bhallstát feirmeoireachta na himthosca sin arb ionann iad agus force majeure a dheimhniú nó i gcásanna ina mbeidh feirmeacha comharsanachta, de réir mar a bheidh siad údaraithe agus á rialú ag aon Bhallstát feirme amháin, ag feidhmiú go comhpháirteach mar aonad amháin, féadfaidh níos mó ná feirm amháin breathnóir réigiúnach ICCAT a chomhroinnt chun leanúnachas na n-oibríochtaí feirmeoireachta a ráthú, má áirithítear go gcuirfear na cúraimí breathnóra i gcrích mar is cuí agus tar éis deimhniú a fháil ón mBallstát feirme.'
	(3) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	'4a. De mhaolú ar mhír 4, i gcás aistriú idir dhá fheirm éagsúla faoi inniúlacht an Bhallstáit chéanna, féadfar breathnóir réigiúnach amháin a shannadh chun an próiseas iomlán a chumhdach, lena n-áirítear aistriú éisc chuig caighean iompair tarraingthe, tarraingt na n-iasc ón bhfeirm is deontóir chuig an bhfeirm is faighteoir agus iasc a chur i gcaighean ar an bhfeirm is

faighteoir. Sa chás sin, ba cheart don fheirm bhronntach breathnóir réigiúnach a imscaradh agus déanfaidh na feirmeacha deontóra agus na feirmeacha glactha araon an costas a roinnt, mura gcinnfidh na cuideachtaí feirmeoireachta a mhalairt.'

(4) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'5a. De mhaolú ar mhír 5, féadfaidh an CPC ábhartha saothrú ó fheirmeacha suas le 1 000 kg in aghaidh an lae agus suas le 50 tonna ar a mhéad in aghaidh na feirme in aghaidh na bliana chun an margadh tuinníní gorma úra a sholáthar a údarú ar choinníoll go mbeidh cigire údaraithe ón CPC feirme ar an láthair le haghaidh 100 % de na fómhair sin, agus go rialóidh sé an oibríocht ina hiomláine. Déanfaidh an cigire údaraithe na cainníochtaí a buaineadh a bhailíochtú freisin sa chóras r-DGTG. Sa chás sin, ní bheidh síniú an bhreathnóra réigiúnaigh ag teastáil sa roinn maidir le buaint den r-DGTG. Déanfaidh PWG an maolú sin a athbhreithniú, de réir mar is iomchuí, trína Mheitheal IMM b'fhéidir.'

(5) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'7. Comhlíonfaidh breathnóirí réigiúnacha ICCAT na hoibleagáidí, na freagrachtaí agus na cúraimí atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 q (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1q) Leasaítear Airteagal 40 mar seo a leanas:
	(1) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:
	'1. Roimh tús a chur le haon oibríocht aistrithe, lena n-áirítear aistrithe deonacha déanfaidh máistir an tsoithigh gabhála nó tarraingthe nó a ionadaithe nó oibreoir na feirme nó an ghaiste san áit a dtionscnaítear an t-aistriú réamhfhógra um aistriú a chur chuig an mBallstát brataí nó chuig an mBallstát atá freagrach as an bhfeirm nó as an ngaiste agus léireofar sa réamhfhógra sin:
	(a) líon agus meastachán ar mheáchan na dtuinníní gorma a bheidh le haistriú;
	(b) ainm an tsoithigh gabhála, an tsoithigh tarraingthe nó na soithí tarraingthe, na feirme nó an ghaiste, agus a n-uimhir thaifid ICCAT faoi seach;
	(c) dáta agus suíomh na gabhála;
	(d) dáta agus am measta an aistrithe;
	(e) an suíomh measta (domhanleithead/domhanfhad) ina ndéanfar an t-aistriú agus uimhreacha na gcaighean deontóra agus glactha;
	(f) an fheirm is ceann scríbe;
	(g) an t-ainm agus uimhir ICCAT; na feirme deontóra, i gcás aistriú ó chaighean na feirme go caighean iompair;
	(h) uimhreacha an dá chaighean feirme agus aon chaighean iompair atá i gceist, i gcás aistrithe laistigh den fheirm.';
	(2) scriostar mír 2;

(3) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfar gach caighean a úsáidfear in oibríochtaí aistrithe agus in iompar gaolmhar tuinníní gorma beo a uimhriú i gcomhréir leis an gcóras uimhrithe uathúil dá dtagraítear in Airteagal XX.’;

(4) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Na Ballstáit a bhfuil baint acu le hoibríochtaí aistrithe dá dtagraítear i mír 1, údaróidh siad an t-aistriú nó diúltóidh siad é a údarú laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis an réamhfhógra um aistriú a thíolacadh. Ní chuirfear tús leis an oibríocht aistrithe gan an uimhir údaraithe dhearfach a eisíodh roimh ré.’;

(5) Cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘5a. Sula gcuirfear tús leis an bhfeachtas iascaireachta tuinníní gorma, sannfaidh na Ballstáit uimhir uathúil inaitheanta do gach caighean a bhaineann le feirmeacha atá faoina dhlínse, lena n-áirítear na caighin sin a úsáidtear chun na héisc a iompar go dtí an fheirm.’;

5b. Déanfar uimhreacha na gcaighean uathúil a stampáil nó a phéinteáil ar dhá thaobh eile d’fháinne an chaighin agus os cionn na líne uisce, i ndath atá i gcodarsnacht leis an gcúlra ar a bhfuil siad péinteáilte nó stampáilte, agus caithfidh siad a bheith infheicthe agus inléite ag am ar bith chun críocha rialaithe. Beidh airde na litreacha agus na n-uimhreacha 20 ceintiméadar ar a laghad ar tiús líne 4 cheintiméadar ar a laghad. Ceadaítear modhanna malartacha chun an uimhir uathúil ar an gcaighean a mharcáil, ar choinníoll go dtugann siad an ráthaíocht chéanna maidir le hinfheictheacht, inléiteacht agus dosháraitheacht.;’

(6) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'7. Ní bheidh aistrithe deonacha ná aistrithe rialaithe faoi réir údarú aistrithe nua.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 r (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 41

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1r) Leasaítear Airteagal 41 mar seo a leanas:
	(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
	'Airteagal 41
	Diúltú an t-aistriú a údarú agus tuinníní gorma a scaoileadh ina dhiaidh sin';
	(2) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):
	'(b) nach bhfuil líon agus meáchan iasc tuairiscithe go cuí ag an soitheach gabhála nó ag an ngaiste nó nár údaraíodh an chainníocht sin iasc a chur i gcaighean;
	(c) nach raibh údarú bailí le haghaidh iascach ar thuinníní gorma arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 26 ag an soitheach gabhála nó ag an ngaiste ar dearbhaíodh gurbh é a ghabh na héisc, nó;'
	(3) I mír 1, cuirtear isteach an pointe

seo a leanas:

'(e) ní thuairiscítear go bhfuil an fheirm is ceann scríbe gníomhach i dTaifead ICCAT ar fheirmeacha.'

(4) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

***'I gcás cliseadh teicniúil ar a VMS le linn a bheith á iompar chuig an bhfeirm, déanfar soitheach tarraingthe eile a bhfuil VMS lánfheidhmiúil aige a chur in ionad an tsoithigh tarraingthe, nó déanfar VMS oibríoch nua a shuiteáil nó a úsáid, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an chliste theicniúil sin. Féadfar síneadh eisceachtúil a chur leis an tréimhse 72 uair an chloig sin i gcás force majeure nó srianta oibríochtúla dlisteanacha. Cuirfear an cliseadh teicniúil in iúl láithreach don Choimisiún, agus cuirfidh sé Rúnaíocht ICCAT ar an eolas. Déanfaidh máistrí nó a n-ionadaithe, ón tráth ar braitheadh an cliseadh teicniúil go dtí go leigheasfar é, comhordanáidí geografacha nuashonraithe an tsoithigh iascaireachta a chur in iúl gach uair an chloig d'údaráis rialaithe an Bhallstáit brataí trí mhodhanna iomchuí teileachumarsáide.'**

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 s (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1s) Leasaítear Airteagal 42 mar seo a leanas:
	(a) Airteagal 42 a ndéanfar Airteagal 43 de;
	(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:
	‘1. Ag deireadh na hoibríochta aistrithe, déanfaidh máistrí nó a n-ionadaithe soithí gabhála nó tarraingthe nó oibreoir na feirme nó an ghaiste dearbhú aistrithe ICCAT a chomhlánú agus a tharchur chuig údarás an Bhallstáit fhreagraigh, chuig breathnóir réigiúnach ICCAT i gcás ina bhfuil sé éigeantach é a bheith ann agus, i gcás inarb infheidhme, chuig máistir an tsoithigh tarraingthe nó na feirme a ghlacann na héisc, dearbhú aistrithe ICCAT i gcomhréir leis an bhformáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI.’;
	(c) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:
	‘3. Beidh ITD bunaidh ag gabháil leis an aistriú éisc go dtí go mbainfear amach an fheirm is ceann scríbe ina gcuirfear i gcaighean é:
	(a) ar an gcéad aistriú, déanfaidh máistir an tsoithigh ghabhála nó ionadaí an tsoithigh tarraingthe nó ionadaí feirme nó gaiste as a dtionscnaíonn oibríocht aistrithe bunchóip an dearbhaithe aistrithe a dhúbláil nuair a aistreofar gabháil amháin ón eangach peas-saighne nó ón ngaiste go dtí níos mó ná caighean iompair amháin;
	(b) i gcás aistriú breise, déanfaidh máistir an tsoithigh tarraingthe deontóra an dearbhú aistrithe a nuashonrú trí chuid 3 (aistrithe breise) a chomhlánú, agus soláthróidh sé an dearbhú aistrithe nuashonraithe don soitheach tarraingthe

	glactha.'
	Coinneofar cóip de ITD ar bord an tsoithigh deontóra nó na soithí tarraingthe, nó leis an ngaiste deontóra nó leis an bhfeirm is deontóra, agus beidh rochtain uirthi tráth ar bith chun críocha rialaithe le linn an fheachtais iascaireachta.';
	(d) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 5:
	'5. Déanfar faisnéis maidir le héisc mharbha le linn oibríocht aistrithe, nó le linn iasc a iompar chuig an bhfeirm is ceann scríbe, a thaifeadadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 t (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 43

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1t) Leasaítear Airteagal 43 mar seo a leanas:
	(a) Airteagal 43 a ndéanfar Airteagal 42 de;
	(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:
	'1. Áiritheoidh máistir an tsoithigh ghabhála nó tarraingthe nó oibreoir na feirme nó an ghaiste as a dtionscnaíonn an t-aistriú go ndéanfar faireachán ar an aistriú le fischeamara san uisce, chun líon na n-aonán de thuinníní gorma atá á

n-aistriú a chinneadh, ach amháin i gcás caighin a aistriú idir dhá shoitheach tarraingthe nach bhfuil gluaiseacht tuinníní beo idir na caighin sin i gceist leo. Déanfar an fístaifeadadh i gcomhréir leis na híoschaighdeáin agus leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn X. Déanfaidh gach údarás inniúil de chuid Ballstáit ina bhfuil oibreir deontóra na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an t-oibreoir deontóra cóipeanna comhionanna de na fístaifid ábhartha ar fáil gan mhoill:

(a) maidir leis an gcéad oibríocht aistrithe agus maidir leis an aistriú deonach faoi dheireadh, chuig breathnóir réigiúnach ICCAT agus chuig an soitheach tarraingthe glactha agus, ag deireadh an turais iascaireachta, chuig údarás inniúil an Bhallstáit brataí nó an ghaiste de chuid an oibreora is deonóir;

(b) le haghaidh tuilleadh aistrithe, chuig an mbreathnóir náisiúnta ar bord an tsoithigh tarraingthe deontóra, chuig máistir an tsoithigh tarraingthe glactha agus, ag deireadh an turais tarraingthe, chuig údarás inniúil Ballstáit brataí de chuid an tsoithigh tarraingthe deontóra;

(c) le haghaidh aistrithe idir dhá fheirm éagsúla, chuig breathnóir réigiúnach ICCAT, chuig an soitheach tarraingthe glactha agus chuig údarás inniúil Ballstáit na feirme is deontóir; agus

(d) má bhíonn údarás cigireachta náisiúnta nó ICCAT i láthair le linn na hoibríochta aistrithe, gheobhaidh an cigire nó na cigirí cóip den fhístaifead ábhartha freisin.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Beidh fís-sleachta lena mbaineann in éineacht leis na héisc ar an turas go dtí an fheirm is ceann scríbe. Coinneofar cóip ar bord an tsoithigh deontóra nó na soithí deontóra, leis an ngaiste nó leis na

gaistí nó leis an bhfeirm/na feirmeacha, agus beidh rochtain uirthi nó orthu chun críocha rialaithe tráth ar bith le linn an fheachtais iascaireachta.'

(d) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Coinneoidh máistir an tsoithigh ghabhála nó an tsoithigh tarraingthe nó a ionadaí, nó ionadaí feirme nó gaiste, as a dtionscnaíonn oibríocht aistrithe, agus údaráis inniúla an Bhallstáit fís-sleachta a bhaineann le haistrithe ar feadh 3 bliana ar a laghad, agus coinneoidh siad iad chomh fada agus is gá chun críocha rialaithe agus forfheidhmithe.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 u (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 43 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1u) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 43a
	Aistrithe deonacha agus aistrithe rialaithe
	1. I gcás nach gcomhlíonann fís-sleachta dá dtagraítear in Airteagal 42 na híoschaighdeáin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn X, agus go háirithe mura leor a cháilíocht agus a shoiléire chun líon na n-iasc atá á n-aistriú a chinneadh, féadfaidh máistir an tsoithigh gabhála nó an soitheach tarraingthe nó ionadaí feirme nó gaiste as a dtionscnaíonn oibríocht aistrithe aistriú deonach nó

aistrithe deonacha a dhéanamh.

2. I gcás nach ndearnadh aistriú deonach nó aistrithe deonacha, nó mura féidir líon na n-iasc atá á n-aistriú a chinneadh fós leis an aistriú deonach nó leis na haistrithe deonacha, ordóidh údarás inniúil Bhallstát an tsoithigh, an ghaiste nó na feirme óna dtionscnaíonn oibríocht aistrithe aistriú rialaithe, agus déanfar an t-aistriú sin arís go dtí go gceadófar de réir cháilíocht na fís-sleachta, an meastachán ar líon na dtuinníní gorma atá á n-aistriú.

3. Déanfar an t-aistriú deonach agus/nó na haistrithe rialaithe isteach i gcaighean eile agus ní mór an caighean sin a bheith folamh. Úsáidfear líon na n-iasc a fhaightear ón aistriú bailí deonach nó rialaithe chun an logleabhar, Dearbhú Aistrithe ICCAT (ITD) agus na ranna ábhartha den r-DGTG a chomhlánú.

4. Ní dhéanfar an caighean iompair a scaradh óshoitheach peas-saighne, gaiste nó caighean feirme sula mbeidh a chúraimí curtha i gcrích ag breathnóir réigiúnach ICCAT atá ar bord an tsoithigh pheas-saighne, nó i láthair ar an bhfeirm nó ar an ngaiste.

5. I gcás nach féidir líon na ndaoine aonair atá á n-aistriú a chinneadh fós de bharr cháilíocht an fhíseáin den aistriú deonach nó de na haistrithe deonacha, féadfaidh údarás inniúil Ballstáit de chuid mháistir na gabhála nó an tsoithigh tarraingthe nó a ionadaí, nó ionadaí na feirme nó an ghaiste, cead a thabhairt an soitheach peas-saighne, an gaiste nó an fheirm a scaradh ón gcaighean nó ó na caighin iompair. Sa chás sin, ordóidh údarás inniúil Ballstáit de chuid mháistir an tsoithigh gabhála nó tsoithigh tarraingthe nó a ionadaí, nó d'ionadaí na feirme nó an ghaiste, dorais nó doirse an chaighin iompair nó na gcaighean iompair lena mbaineann a shéalú i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIX, agus

ceanglóidh sé go ndéanfar an t-aistriú rialaithe nó na haistrithe rialaithe ag am cinnte agus in áit chinnte, i láthair údarás inniúil na brataí, an ghaiste nó na feirme.

6. I gcás nach féidir le húdaráis inniúla Bhallstát na brataí, an ghaiste nó an Bhallstáit feirme a bheith i láthair ag an aistriú rialaithe, déanfar an t-aistriú rialaithe i láthair breathnóra réigiúnaigh ICCAT. Sa chás sin, is ar oibreoir na feirme ar leis na tuinníní gorma a iompraítear a bheidh an fhreagracht as an mbreathnóir réigiúnach a imscaradh, agus áiritheoidh an t-oibreoir sin go n-imscarfar an breathnóir réigiúnach chun an t-aistriú rialaithe a fhíorú.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 v (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 44

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1v) Leasaítear Airteagal 44 mar seo a leanas:
	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
	'Imscrúdú ag údarás inniúil an Bhallstáit'.
	(b) scriostar mír 1;
	(c) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:
	'2. Déanfaidh an Ballstát freagrach gach cás a imscrúdú i gcás:

(a) go bhfuil difríocht níos mó ná 10 % idir líon na n-iasc a thuairiscigh máistir an tsoithigh gabhála nó tarraingthe nó oibreoir an ghaiste nó na feirme in ITD agus an líon iasc a mheas breathnóir réigiúnach ICCAT, nó breathnóir náisiúnta an CPC, de réir mar is iomchuí;

(b) nár shínigh breathnóir réigiúnach ICCAT ITD;

Déanfar an lamháil earráide 10 % dá dtagraítear i bpointe (a) a shloinneadh mar chéatadán de mháistir an tsoithigh gabhála nó tarraingthe nó oibreoir an ghaiste nó fhigiúirí na feirme;

Tráth a gcuirfear tús le himscrúdú, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit brataí nó údarás inniúil CPC an tsoithigh tarraingthe nó na soithí tarraingthe lena mbaineann ar an eolas faoin imscrúdú agus áiritheoidh sé, go dtí go gcuirfear deireadh leis an imscrúdú, nach gceadófar aon aistriú ón gcaighean iompair atá i gceist ná chuige;

I gcás inarb infheidhme, áireofar san imscrúdú anailís ar fhís-sleachta ábhartha uile. Beidh an t-imscrúdú sin curtha i gcrích sula gcuirfear na héisc i gcaighean ar an bhfeirm agus in aon chás laistigh de 96 uair an chloig tar éis an t-imscrúdú a thionscnamh, ach amháin i gcásanna force majeure. Ní údarófar cur i gcaighean ná ní bhailíochtófar an chuid ábhartha den DGTG go dtí go bhfaighfear torthaí an imscrúdaithe.';

(d) scriostar míreanna 3, 4 agus 5;

(e) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. I gcás na n-oibríochtaí aistrithe uile ina bhfuil físeán ag teastáil, difríocht is mó ná 10 % idir an líon tuinníní gorma a thuairiscigh máistir an tsoithigh iascaireachta nó a ionadaí, nó ionadaí na feirme gaiste in ITD agus an líon a chinnfidh údarás inniúil CPC de chuid mháistir an tsoithigh iascaireachta nó a

ionadaí, nó ionadaí na feirme gaiste tar éis imscrúdú a dhéanamh, beidh an difríocht sin ina Neamhchomhlíonadh Féideartha (PNC) don soitheach iascaireachta, don ghaiste nó don fheirm lena mbaineann.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 w (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 45 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1w) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 45a
	Leasuithe ar ITDanna agus r-DGTGanna tar éis cigireachtaí ar muir nó imscrúduithe
	Más rud é, tar éis cigireacht ar muir nó imscrúdú a dhéanamh, go bhfaightear amach go bhfuil an líon iasc níos mó ná 10 % éagsúil leis an líon a dearbhaíodh in ITD agus i r-DGTG, déanfaidh údarás inniúil CPC de chuid an oibreora is deontóir r-DGTG a leasú chun toradh an imscrúdaithe a léiriú.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 x (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 45 b (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1x) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 45b
	Forálacha ginearálta
	1. Ainmneoidh gach Ballstát feirme údarás inniúil aonair a bheidh freagrach as bailiú agus fíorú faisnéise maidir le gníomhaíochtaí cur i gcaighean na mBallstát a chomhordú, chun gníomhaíochtaí feirme a dhéantar faoina dhlínse a rialú, agus as tuairisciú do na Ballstáit agus d'údaráis inniúla CPC ar ghabh a soithí brataí nó a ngaiste na tuinníní i gcaighean agus as comhoibriú leo.
	2. Beidh gach gníomhaíocht iascaigh agus feirme tuinníní gorma faoi réir an rialaithe a bhfuil tuairisc air sa phlean faireacháin, rialaithe agus cigireachta arna thíolacadh faoi Airteagal 15.
	3. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le cur i gcaighean faisnéis a mhalartú agus comhoibreoidh siad lena áirithiú go mbeidh líon agus meáchan na dtuinníní gorma a bhfuil sé beartaithe iad a chur i gcaighean cruinn, i gcomhréir leis na méideanna gabhála a thuairisceoidh an soitheach peas-saighne nó an gaiste, agus a dhearbhófar sna ranna ábhartha den r-DGTG.
	4. Áiritheoidh na Ballstáit ina bhfuil na feirmeacha go gcoinneoidh oibreoirí feirme plean scéimreach cruinn ar bun i gcónaí dá bhfeirmeacha, ina léireofar líon uathúil gach cáis agus a suíomh aonair ar an bhfeirm. Cuirfear an plean

nuashonraithe ar fáil i gcónaí d'údarás inniúil an Bhallstáit feirme chun críocha rialaithe agus do bhreathnóir réigiúnach ICCAT atá lonnaithe ar an bhfeirm. Tá aon mhodhnú ar an bplean scéimreach faoi réir réamhfhógra a thabhairt d'údarás inniúil Ballstáit na feirme. Cuirfear an plean feirmeoireachta scéimreach in oiriúint aon uair a mhodhnaítear líon agus/nó dáileadh na gcaighean feirme.

5. Coinneoidh údarás inniúil an Bhallstáit feirme agus oibreoir na feirme an fhaisnéis, na doiciméid agus an t-ábhar ar fad a bhaineann le gníomhaíochtaí cur i gcaighean a dhéantar ar fheirmeacha faoina dhlínse ar feadh 3 bliana ar a laghad, agus coinneoidh siad an fhaisnéis fad is gá chun críocha forfheidhmithe.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 y (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 45 c (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1y) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 45c
	Uimhir aitheantais uathúil
	1. Sula gcuirfear tús leis an bhfeachtas iascaireachta tuinníní gorma, sannfaidh údarás inniúil CPC feirme uimhir uathúil inaitheanta do gach

caighean a bhaineann le feirmeacha atá faoina dhlínse, lena n-áirítear na caighin sin a úsáidtear chun na héisc a iompar go dtí an fheirm.

2. Déanfar uimhreacha a eisiúint de réir córas uimhrithe uathúil ina mbeidh trí uimhir ag leanúint an chóid alfa-3 a chomhfhreagraíonn don Bhallstát feirmeoireachta. Beidh uimhreacha caighin uathúla buan agus ní bheidh siad inaistrithe idir caighin.

3. Déanfar uimhreacha na gcaighean uathúil a stampáil nó a phéinteáil ar dhá thaobh eile d'fháinne an chaighin agus os cionn na líne uisce, i ndath atá i gcodarsnacht leis an gcúlra ar a bhfuil siad péinteáilte nó stampáilte, agus caithfidh siad a bheith infheicthe agus inléite ag am ar bith chun críocha rialaithe. Beidh airde na litreacha agus na n-uimhreacha 20 ceintiméadar ar a laghad ar tiús líne 4 cheintiméadar ar a laghad.

4. Ceadaítear modhanna malartacha chun an uimhir uathúil ar an gcaighean a mharcáil, ar choinníoll go dtugann siad an ráthaíocht chéanna maidir le hinfheictheacht, inléiteacht agus dosháraitheacht.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 z (nua)

Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 45 d (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1z) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 45d
	Údarú maidir le cur i gcaighean
	1. Tá gach oibríocht cur i gcaighean faoi réir an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 2 go 4.
	2. Iarrfaidh oibreoir na bhfeirmeacha údarú maidir le cur i gcaighean arna eisiúint ag údarás inniúil Ballstát na feirme, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:
	(a) líon agus meáchan na n-iasc atá le cur i gcaighean dá dtagraítear sa dearbhú aistrithe (ITD);
	(b) na dearbhuithe ábhartha aistrithe (ITD);
	(c) an tagairt do r-DGTG nó r-DGTGanna lena mbaineann, arna dheimhniú agus arna bhailíochtú ag údarás inniúil Ballstáit na brataí gabhála nó an ghaiste nó ag údarás inniúil CPC;
	(d) tuarascálacha uile na n-iasc a fhaigheann bás le linn iad a iompar, arna dtaifeadadh go cuí i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII.
	3. Cuirfidh údarás inniúil Ballstáit na feirme an fhaisnéis i mír 2 in iúl do Bhallstát ábhartha na brataí gabhála nó an ghaiste nó d'údarás inniúil nó údaráis inniúla an CPC nó na CPCanna, agus iarrfaidh sé deimhniú gur féidir an oibríocht cur i gcaighean a údarú.
	4. Laistigh de 3 lá oibre, cuirfidh Ballstát na brataí gabhála nó an ghaiste nó údarás inniúil an CPC nó na CPCanna in iúl d'údarás inniúil Ballstáit na feirme nó d'údarás inniúil an CPC gur féidir an oibríocht cur i gcaighean lena

mbaineann a údarú nó nach mór í a dhiúltú. I gcás diúltaithe, sonróidh údarás inniúil Bhallstát na brataí nó an ghaiste an chúis nó na cúiseanna leis an diúltú, agus beidh an t-ordú scaoilte ina dhiaidh sin san áireamh sa diúltú.

5. Eiseoidh an Ballstát feirme an t-údarú maidir le cur i gcaighean láithreach tar éis dó an dearbhú a fháil ó údarás inniúil Ballstáit na brataí gabhála nó an ghaiste nó ó údarás inniúil an CPC lena mbaineann. Ní údaróidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm an oibríocht cur i gcaighean in éagmais an deimhnithe sin.

6. Ní údarófar cur i gcaighean mura mbeidh an tacar iomlán doiciméadachta a cheanglaítear i mír 2 den Airteagal sin ag gabháil leis na héisc atá faoi réir an údaraithe maidir le cur i gcaighean.

7. Go dtí go bhfaighfear torthaí an imscrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 43 arna dhéanamh ag údarás inniúil Ballstát na brataí gabhála nó an ghaiste nó ag údarás inniúil CPC, ní údarófar an oibríocht cur i gcaighean agus ní dhéanfar bailíochtú ar chodanna ábhartha na gabhála agus na mbeothrádála de r-DGTG.

8. Murar eisigh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm nó údarás inniúil an CPC an t-údarú maidir le cur i gcaighean laistigh de mhí amháin tar éis an iarraidh ar údarú cur i gcaighean a fháil ón oibreoir feirme, ordóidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm na héisc go léir atá sa chaighean iompair lena mbaineann a scaoileadh saor, i gcomhréir le hIarscríbhinn XII. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstáit ina bhfuil an fheirm, dá réir sin, údarás inniúil Bhallstát na brataí gabhála nó an ghaiste nó údarás inniúil an CPC lena mbaineann, agus Rúnaíocht ICCAT ar an eolas gan mhoill faoin scaoileadh.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) In Airteagal (46), cuirtear na pointí (a) agus (b) seo a leanas isteach i mír (...):	***scriosta***
'a) Ní chuirfidh na Ballstáit tuinníní gorma i bhfeirm nach mbeidh údaraithe ag an mBallstát ná ag CPC nó nach mbeidh liostaithe i dtaifead ICCAT maidir le saoráidí feirmeoireachta.	
b) Áiritheoidh na Ballstáit ina bhfuil na feirmeacha go gcuirfear gabhálacha tuinníní gorma i gcaighin ar leithligh nó i sraitheanna ar leithligh caighean agus go ndéanfar iad a dheighilt ar bhonn thionscnamh an Bhallstáit brataí nó CPC. De mhaolú air sin, má ghabhtar na tuinníní gorma i gcomhthéacs comhoibríochta iascaireachta (COI) idir Ballstáit éagsúla, áiritheoidh na Ballstáit feirme go gcuirfear tuinníní gorma i gcaighin ar leithligh nó i sraitheanna ar leithligh caighean agus go ndéanfar iad a dheighilt bunaithe ar chomhoibríochtaí iascaireachta.'	

Or. en

Réasúnú

Forálacha a áirítear cheana i Rialachán (AE) XX/2022

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 46

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 46:
	'Airteagal 46
	Údarú a dhiúltú
	Diúltóidh údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste an cur i gcaighean a fhormheas má mheasann sé:
	(a) nach raibh cuóta leordhóthanach ag an soitheach gabhála nó ag an ngaiste a ghabh na héisc chun na tuinníní gorma a bhí le cur i gcaighean a chumhdach;
	(b) nach ndearna an soitheach gabhála nó an gaiste an chainníocht iasc le cur i gcaighean a thuairisciú go cuí; nó
	(c) nach bhfuil údarú bailí le haghaidh iascach ar thuinníní gorma arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 26 ag an soitheach gabhála nó an gaiste ar dearbhaíodh é gurbh é a ghabh na héisc.
	I gcás ina ndiúltóidh an Ballstát atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste an cur i gcaighean a fhormheas, déanfaidh sé:
	(a) údarás inniúil an Bhallstáit nó an CPC atá freagrach as an bhfeirm a chur ar an eolas faoi; agus
	(b) a iarraidh ar an údarás inniúil sin dul ar aghaidh leis na gabhálacha a urghabháil agus leis na héisc a scaoileadh isteach san fharraige.'
	Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 46 b (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2b) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 46b
	Oibríochtaí cur i gcaighean
	1. Nuair a shroichfidh an soitheach tarraingthe i gcóngar na feirme, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm go gcoimeádfar an soitheach tarraingthe lena mbaineann fad 1 mhuirmhíle ar a laghad ó aon saoráid de chuid na feirme go dtí go mbeidh láithreacht fhisiciúil ag údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm; déanfar faireachán i gcónaí ar shuíomh agus ar ghníomhaíocht na soithí tarraingthe ábhartha.
	2. Ní údaróidh údaráis inniúla na mBallstát tús na hoibríochta cur i gcaighean gan údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm agus breathnóir réigiúnach ICCAT a bheith i láthair agus sula mbeidh ranna na gabhála agus na trádála beo de r-DGTG curtha i gcrích agus bailíochtaithe ag údarás inniúil nó údaráis inniúla Bhallstát na brataí gabhála nó an ghaiste nó ag údarás inniúil nó údaráis inniúla CPC.
	3. Tá toirmeasc ar chaighin iompair a chur ar ancaire mar chaighin feirme, gan gluaiseacht éisc chun taifeadadh

ceamara steiréascópach a cheadú.

4. Tar éis an tuinnín gorm a aistriú ón gcaighean tarraingthe go dtí an caighean feirme, áiritheoidh údarás rialaithe an Bhallstáit ina bhfuil an fheirme go ndéanfar caighin feirme ina bhfuil tuinnín gorm a shéalú i gcónaí. Ní fhéadfar díshéalú a dhéanamh ach amháin i láthair údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm agus tar éis údarú an údaráis sin a fháil. Bunóidh údarás rialaithe an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm prótacail chun caighin feirme a shéalú, lena n-áiritheofar go n-úsáidfear séalaí oifigiúla agus go gcuirfear na séalaí sin ar bhealach a chuirfidh cosc ar oscailt na ndoirse gan na séalaí a bhriseadh.

5. Áiritheoidh na Ballstáit ina bhfuil na feirmeacha go gcuirfear gabhálacha tuinníní gorma i gcaighin ar leithligh nó i sraitheanna ar leithligh caighean agus go ndéanfar iad a dheighilt ar bhonn thionscnamh an Bhallstáit brataí nó CPC agus na bliana inar gabhadh iad. De mhaolú air sin, i gcás inar gabhadh an tuinnín gorm i gcomhthéacs COI, cuirfear na gabhálacha lena mbaineann i gcaighin ar leithligh nó i sraitheanna ar leith de chaighin agus déanfar iad a dheighilt ar bhonn na Comhoibríochtaí Iascaireachta agus na bliana inar gabhadh iad.

6. Cuirfear éisc i gcaighean roimh an 22 Lúnasa gach bliain mura rud é go soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit nó an CPC atá freagrach as an bhfeirm cúiseanna bailí lena n-áirítear force majeure, agus beidh na cúiseanna sin ag gabháil leis an tuarascáil cur i gcaighean nuair a chuirfear isteach í. In aon chás, ní chuirfear na héisc i gcaighean tar éis an 7 Meán Fómhair gach bliain. Ní théann na spriocdhátaí thuas i bhfeidhm i gcás aistrithe idir feirmeacha.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 c (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 47

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2c) In Airteagal 47, scriostar míreanna 2 agus 3.

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 d (nua) Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 48

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2d) Scriostar Airteagal 48.

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 e (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 49

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2e) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 49:
	'Airteagal 49
	Taifeadadh ar an oibríocht cur i gcaighean trí cheamaraí rialaithe agus trí dhearbhú cur i gcaighean
	1. Áiritheoidh na Ballstáit atá freagrach as feirmeacha go ndéanfaidh a n-údaráis rialaithe faireachán ar oibríochtaí cur i gcaighean trí úsáid a bhaint as gnáthcheamara agus ceamara steiréascópach araon. Soláthrófar fístaifeadtaí le haghaidh gach oibríochta cur i gcaighean i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn X.
	2. Mura gcomhlíonann cáilíocht fhís-sleachta an cheamara rialaithe a úsáidtear chun líon agus/nó meáchan an tuinnín ghoirm a cuireadh i gcaighean a chinneadh íoschaighdeáin Iarscríbhinn X, ordóidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm cur i gcaighean rialaithe go dtí go bhféadfar an líon agus/nó an meáchan a chinneadh. Ní bheidh athdhéanamh na hoibríochta cur i gcaighean faoi réir údarú nua maidir le cur i gcaighean.
	3. I gcás cur i gcaighean rialaithe, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm go ndéanfar an caighean na feirme is deontóir a shéalú agus nach féidir an caighean a chúbláil roimh an oibríocht nua cur i gcaighean. Caighean nó caighin na feirme glactha a úsáidtear sa chur i gcaighean rialaithe, beidh siad folamh.

4. Ar chríochnú na hoibríochta cur i gcaighean dó, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm go mbeidh rochtain láithreach ag breathnóir réigiúnach ICCAT ar fhís-sleachta uile ceamara steiréascópach agus gnáthcheamara, agus beidh cead aige cóip a dhéanamh má tá sé ar intinn aige a chúram a chur i gcrích maidir le hanailís a dhéanamh ar an bpíosa scannáin ag am eile nó ag áit eile.

5. Áiritheoidh na Ballstáit atá freagrach as feirmeacha, maidir le gach oibríocht cur i gcaighean, go dtíolacfaidh oibreoir na feirme dearbhú maidir le cur i gcaighean laistigh de sheachtain amháin tar éis na hoibríochta cur i gcaighean iarbhír, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 f (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 50

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2f) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 50:
	'Airteagal 50
	Imscrúduithe a thionscnamh agus a dhéanamh
	1. Más rud é, le haghaidh oibríocht ghabhála aonair, go bhfuil difríocht níos mó ná 10 % idir an líon tuinníní gorma atá á gcur i gcaighean mar a chuir údarás

inniúil an Bhallstát ina bhfuil an fheirm in iúl i gcomhréir le hAirteagal 50(2) agus an líon a tuairiscíodh in ITD nó i r-DGTG de réir mar a gabhadh agus/nó a aistríodh é, tionscnóidh údarás inniúil Bhallstát na brataí gabhála nó an ghaiste imscrúdú chun an meáchan gabhála cruinn a bhainfear den chuóta náisiúnta do thuinnín gorm a chinneadh. Chun tacú leis an imscrúdú sin, iarrfaidh údarás inniúil Bhallstát na brataí gabhála nó an ghaiste an fhaisnéis chomhlántach uile agus torthaí na hanailíse ábhartha fís-sleachta a rinne údarás inniúil Bhallstáit na brataí agus an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm a raibh baint acu leis an oibríocht iompair agus leis an oibríocht cur i gcaighean lena mbaineann. Déanfaidh na húdaráis inniúla, lena n-áirítear na húdaráis sin a raibh a soithí páirteach in iompar na n-iasc, comhoibriú go gníomhach, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis agus an doiciméadacht uile atá ar fáil dóibh a mhalartú. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát na brataí gabhála nó an ghaiste an t-imscrúdú i gcrích laistigh de mhí amháin tar éis d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm na torthaí cur i gcaighean a chur in iúl.[mír 177] Beidh difríocht níos mó ná 10 % idir an líon tuinníní gorma a tuairiscíodh a ghabh an soitheach nó an gaiste lena mbaineann agus an líon arna chinneadh ag údarás inniúil Bhallstát na brataí gabhála nó an ghaiste mar thoradh ar an imscrúdú, ina Neamh-chomhlíonadh féideartha (PNC) de chuid an tsoithigh nó an ghaiste lena mbaineann.

2. An lamháil earráide 10 % dá dtagraítear i mír 1, sloinnfear é mar chéatadán de na figiúirí arna dtuairisciú ag máistir an tsoithigh iascaireachta nó ionadaí an ghaiste agus beidh sé infheidhme ar leibhéal na hoibríochta aonair cur i gcaighean.

3. Cinnfidh Ballstát na brataí gabhála nó an ghaiste meáchan na

dtuinníní gorma a bheidh le baint dá chuóta náisiúnta agus na cainníochtaí a chuirfear i gcaighean, arna ríomh i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn XI, á gcur san áireamh, ar cainníochtaí iad lena n-áirithítear go ríomhfar an meáchan tráth an chur i gcaighean bunaithe ar an ngaol idir fad agus meáchan maidir le héisc fiáine, agus na básanna tuairiscithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII.

4. Maidir leis na cásanna sin, áfach, ina mbainfear de thátal as an imscrúdú dá dtagraítear i mír 1 go raibh tuinníní gorma ar iarraidh de réir bhrí mhír 2 d'Iarscríbhinn XIII, déanfar meáchan na n-iasc atá in easnamh a bhaint den chuóta náisiúnta i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII, tríd an meánmheáchan aonair archur i gcaighean a chur i bhfeidhm arna chur in iúl ag údarás inniúil an Bhallstáit feirme, ar an líon tuinníní gorma a bhí sa ghabháil de réir mar a chinnfidh údarás inniúil Bhallstát na brataí nó an ghaiste mar thoradh ar an anailís a rinne sé ar an bhfíseán den chéad aistriú i gcomhthéacs an imscrúdaithe.

5. D'ainneoin mhír 4, tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát atá bainteach le hiasc a iompar go dtí an fheirm is ceann scríbe, féadfaidh Ballstát na brataí nó an ghaiste cinneadh a dhéanamh gan na héisc a cinneadh san imscrúdú gur cailleadh iad a bhaint den chuóta náisiúnta, i gcás ina mbeidh sé doiciméadaithe go cuí ag an oibreoir gur caillteanais "force majeure" na caillteanais (i.e. pictiúir den chaighean a ndearnadh damáiste dó, tuarascálacha meitéareolaíocha), nuair a bheidh an fhaisnéis ábhartha curtha in iúl d'údarás inniúil a Bhallstáit díreach tar éis an teagmhais agus nár tharla básanna deimhnithe mar thoradh ar na caillteanais.

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 g (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 51

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2g) Leasaítear Airteagal 51 mar seo a leanas:
	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
	'Airteagal 51
	Bearta agus cláir chun meastachán a dhéanamh ar líon agus ar mheáchan na dtuinníní gorma a bheidh le cur i gcaighean';
	(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:
	'1. Cinnfidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm líon agus meáchan na dtuinníní gorma atá á gcur i gcaighean, trí anailís a dhéanamh ar fhís-sleachta de gach oibríocht cur i gcaighean arna soláthar ag oibreoir na feirme. Chun an anailís sin a dhéanamh, leanfaidh na húdaráis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV. I gcás ina mbeidh difríocht is mó ná 10 % idir an líon agus/nó an meáchan arna chinneadh ag údarás inniúil CPC feirme agus na figiúirí comhfhreagracha arna dtuairisciú sa dearbhú maidir le cur i gcaighean, seolfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm imscrúdú chun cúiseanna na neamhréireachta a shainaithint, agus déanfaidh sé an coigeartú faoi dheireadh ar líon agus/nó meáchan na n-iasc a cuireadh i

gcaighean. Déanfar an lamháil earráide 10 % dá dtagraítear thuas a shloinneadh mar chéatadán d'fhigiúirí oibreoir na feirme. Tar éis oibríocht cur i gcaighean nó, i gcás COI nó gaistí de chuid aon Bhallstáit AE amháin, oibríocht chur i gcaighean deiridh na hoibríochta cur i gcaighean a bhaineann leis an COI sin nó leis na gaistí sin, cuirfidh na Ballstáit atá freagrach as an bhfeirm torthaí an chláir sin in iúl don Bhallstát nó don CPC atá freagrach as na soithí gabhála nó as an ngaiste i gcomhréir le pointe 2 a) agus b) d'Iarscríbhinn XI.";

(c) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'3a. Cuirfidh gach Ballstát atá freagrach as feirmeacha na nósanna imeachta agus na torthaí a bhaineann leis an gclár ceamara steiréascópach (nó modhanna malartacha) faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair le tarchur chuig SCRS faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain.

3b. Déanfaidh oibreoir na feirme gach tuinnín gorm a gheobhaidh bás le linn oibríocht cur i gcaighean a thuairisciú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 h (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 52

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2h) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 52:
	'Airteagal 52
	Scaoileadh a bhaineann le hoibríochtaí cur i gcaighean
	Déanfar an cinneadh maidir leis na héisc atá le scaoileadh i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn XI, mír 4. I gcás inar mó meáchan na dtuinníní gorma atá á gcur i gcaighean ná an meáchan ar dearbhaíodh gur gabhadh é agus/nó gur aistríodh é, eiseoidh údarás inniúil CPC na brataí gabhála nó CPC gaiste ordú scaoilte agus cuirfidh sé an t-ordú sin in iúl d'údarás inniúil an CPC lena mbaineann an fheirm gan mhoill. Leanfaidh an t-ordú scaoilte forálacha mhír 4 d'Iarscríbhinn IX, agus an cúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal COI nó ar leibhéal gaiste á chur san áireamh, i gcomhréir le hIarscríbhinn IX, mír 5. Déanfar an oibríocht scaoilte a sheoladh i gcomhréir leis an bprótacal a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 i (nua) Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 53

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2i) Scriostar Airteagal 53.

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 j (nua) Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 54

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2j) Scriostar Airteagal 54.

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 k (nua) Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 55

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2k) Scriostar Airteagal 55.

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 l (nua)

Rialachán (AE) XX/2023
Roinn 7 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2l) cuirtear an Roinn seo a leanas léi:
	'ROINN 7a
	BUAINT
	Airteagal 56a
	Oibríochtaí buainte
	1. Soithí próiseála a bhfuil sé beartaithe acu oibriú ar fheirmeacha nó ar ghaistí, seolfaidh siad réamhfhógra chuig Ballstát na feirme nó an ghaiste 48 uair an chloig ar a laghad roimh theacht an tsoithigh chuig limistéar na feirme/gaiste. Áireofar sa réamhfhógra ar a laghad an dáta agus an t-am a mheastar a shroichfidh an soitheach agus faisnéis i dtaobh an bhfuil tuinníní gorma ar bord cheana féin ag an soitheach próiseála, agus, más amhlaidh go bhfuil, soláthrófar ann mionsonraí maidir leis an lastas, lena n-áirítear cainníochtaí de réir meáchain phróiseáilte agus beomheáchain agus sonraí maidir le tionscnamh an tuinnín ghoirm atá ar bord (feirm/gaiste agus CPC)
	2. Beidh aon oibríocht buainte ar fheirmeacha nó ar ghaistí faoi réir údarú ó Bhallstát na feirme nó an ghaiste. Chuige sin, déanfaidh oibreoir na feirme nó an ghaiste a bhfuil sé beartaithe aige tuinníní gorma a shaothrú iarraidh a chur faoi bhráid a Bhallstáit ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad: - dáta nó tréimhse na buainte; - cainníochtaí measta atá le buaint i líon na n-aonán agus i líon na gcileagraim; - an uimhir r-DGTG a bhaineann leis an tuinnín gorm atá le buaint; - mionsonraí na soithí cúnta a bhfuil baint acu leis an oibríocht; - ceann scríbe an tuinnín bhuainte (soitheach próiseála, onnmhairiú, margadh áitiúil, etc.).

3. Cé is moite de dhaoine aonair de thuinníní gorma atá gar do bhás, ní údarófar aon oibríocht bhuainte sula gcinnfear torthaí ghlacadh an chuóta i gcomhréir le hAirteagal 51, agus sula ndéanfar an scaoileadh gaolmhar.

4. Ní dhéanfar oibríochtaí buainte gan breathnóir CPC a bheith i láthair i gcás gaistí, nó breathnóir réigiúnach ICCAT i gcás buaint ar fheirmeacha. Maidir le héisc a sheachadtar ar shoitheach próiseála, féadfaidh CPC nó breathnóir réigiúnach ICCAT a chúraimí ábhartha a dhéanamh ón soitheach próiseála.

5. Déanfaidh Ballstáit na bhfeirmeacha nó an ghaiste torthaí na n-oibríochtaí buainte uile a dhéantar ar fheirmeacha agus ar ghaistí atá faoina n-údarás a fhíorú agus cros-seiceáil a dhéanamh orthu, agus úsáid á baint as an bhfaisnéis ábhartha uile atá ina seilbh. Déanfaidh Ballstáit na feirme nó an ghaiste cigireacht ar gach oibríocht buainte tuinnín ghoirm atá ceaptha do shoithí próiseála agus ar chéatadán den chuid eile d'oibríochtaí buainte bunaithe ar anailís riosca.

6. Nuair is soitheach próiseála ceann scríbe an tuinnín ghoirm, comhlánóidh máistir nó ionadaí an tsoithigh próiseála dearbhú próiseála. Nuair a bheidh an tuinnín gorm a bhuaintear le tabhairt i dtír go díreach isteach sa chalafort, comhlánóidh oibreoir na feirme nó an ghaiste dearbhú buainte.

7. Déanfaidh breathnóir réigiúnach nó CPC ICCAT atá i láthair ag an oibríocht bhuainte na dearbhuithe próiseála agus buainte a bhailíochtú. Seolfar na dearbhuithe próiseála agus buainte trí ríomhphost chuig údaráis inniúla feirme an Bhallstáit laistigh de 48 n-uair an chloig ón oibríocht buainte ag baint úsáid as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XVb."

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 m (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Roinn 7b (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2m) cuirtear an Roinn seo a leanas léi:
	'ROINN 7b
	GNÍOMHAÍOCHTAÍ RIALAITHE AR NA FEIRMEACHA TAR ÉIS CUR I GCAIGHEAN
	Airteagal 56b
	Aistrithe laistigh den fheirm
	1. Ní dhéanfar aistriú laistigh den fheirm gan údarás inniúil CPC na feirme é a údarú agus a bheith i láthair. Déanfar gach aistriú a thaifeadadh le ceamaraí rialaithe chun líon na n-aonán tuinníní gorma a aistríodh a dheimhniú. Comhlíonfaidh an fhís-sleachta na híoschaighdeáin mar a leagtar síos in Iarscríbhinn X. Déanfaidh údarás inniúil CPC lena mbaineann an fheirm faireachán agus rialú ar na haistrithe sin, lena n-áirítear a áirithiú go ndéanfar gach aistriú laistigh den fheirm a thaifeadadh sa chóras r-DGTG.
	***2. D'ainneoin an tsainmhínithe ar chur i gcaighean in Airteagal 5, pointe (31), ní mheasfar gur cur i gcaighean é tuinníní gorma a athlonnú idir dhá shuíomh éagsúla ar an bhfeirm chéanna (aistriú laistigh den fheirm) agus úsáid á**

baint as caighean iompair, chun críocha na gceanglas a leagtar amach i Roinn 7.

3. Le linn aistrithe laistigh den fheirm, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm athghrúpáil éisc den tionscnamh brataí céanna agus an COI céanna a údarú, ar choinníoll go gcoinneofar inrianaitheacht agus infheidhmeacht rátaí fáis SCRS.

4. Coinneoidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirme agus oibreoir na feirme na físeáin ó aistrithe laistigh den fheirm a dhéantar ar fheirmeacha faoina ndlínse ar feadh trí bliana ar a laghad agus coinneoidh siad an fhaisnéis a fhad is gá chun críocha forfheidhmithe.

Airteagal 56c

Tabhairt anonn

1. Sula gcuirfear tús leis an gcéad séasúr iascaireachta peas-saighneo eile agus séasúir iascaireachta gaiste eile, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm measúnú críochnúil ar na tuinníní gorma beo arna dtabhairt anonn sna feirmeacha atá faoina ndlínse. Chuige sin, aistreofar na tuinníní gorma beo lena mbaineann chuig caighean folamh agus déanfar faireachán air le ceamara rialaithe/ceamaraí rialaithe, chun líon agus meáchan na n-iasc a aistreofar a chinneadh.

2. De mhaolú air sin, déanfar rialú bliantúil ar thuinníní gorma a thabhairt anonn ó bhlianta agus ó chaighin nár tharla aon bhuaint iontu tríd an nós imeachta rialaithe randamach dá dtagraítear in Airteagal 56e a chur i bhfeidhm.

3. Cuirfear na tuinníní gorma beo arna dtabhairt anonn i gcaighin ar leith nó i sraitheanna caighin ar leith ar an bhfeirm, ar bhonn na bliana inar gabhadh iad agus JFO nó gaiste tionscnaimh CPC céanna.

4. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit feirme go gcomhlíonfaidh an fhís-sleachta ón gceamara rialaithe ó na haistrithe measúnaithe ar thabhairt anonn ceanglais ábhartha Iarscríbhinn X, agus go ndéanfar líon agus meáchan na n-iasc a tugadh anonn a chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn XI pointe 1 den Rialachán sin.

5. Go dtí go bhforbróidh SCRS algartam chun an fad a choinbhéartú ina mheáchan maidir le héisc ramhraithe agus/nó éisc saothraithe, déanfar meastachán ar mheáchan na n-iasc arna dtabhairt anonn trí úsáid a bhaint as na táblaí rátaí fáis is nuashonraithe arna dtáirgeadh ag SCRS.

6. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm imscrúdú cuí ar an difríocht de réir líon na n-aonán tuinníní gorma idir an líon a bheidh mar thoradh ar an measúnú tabhairt anonn agus an líon a bhfuiltear ag súil leis tar éis na buainte agus déanfar é a thaifeadadh i gcóras r-DGTG. I gcás an fharasbairr, ordóidh údarás inniúil an Bhallstáit feirme an líon comhfhreagrach éisc a scaoileadh. Déanfar an oibríocht scaoilte a sheoladh i gcomhréir le hIarscríbhinn XII. Ní cheadófar cúiteamh as difríochtaí idir caighin éagsúla ar an bhfeirm. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lamháil earráide suas le 5 % a cheadú idir líon na ndaoine aonair a eascraíonn as an measúnú ar thabhairt anonn agus an líon ionchasach sa chaighean.

7. Coinneoidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm an fhís-sleachta agus na doiciméid ábhartha uile ó mheasúnuithe tabhairt anonn a dhéantar ar fheirmeacha faoina ndlínse ar feadh trí bliana ar a laghad, agus coinneoidh sé an fhaisnéis sin chomh fada agus is gá chun críocha forfheidhmithe.

Airteagal 56d

Dearbhú maidir le tabhairt anonn

1. Déanfaidh an Ballstát ina bhfuil na feirmeacha dearbhú bliantúil maidir le tabhairt anonn a chomhlánú don Choimisiún agus a chur i gceangal leis an bplean bainistithe feirmeoireachta athbhreithnithe laistigh de 10 lá tar éis dheireadh na hoibríochta measúnaithe de réir na formáide a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC laistigh de 15 lá tar éis dheireadh na hoibríochta measúnaithe

2. Déanfar tuarascáil an cheamara steiréascópaigh, i gcás inarb infheidhme, a cheangal leis an dearbhú maidir le tabhairt anonn.

Airteagal 56e

Rialuithe Randamacha

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm rialuithe randamacha ar fheirmeacha atá faoina ndlínse. Déanfar na rialuithe randamacha íosta dá dtagraítear i mír 2 ar fheirmeacha idir am críochnaithe na n-oibríochtaí cur i gcaighean agus an chéad chur i gcaighean den bhliain dár gcionn. Is é a bheidh i gceist leis na rialuithe sin go ndéanfar gach iasc a aistriú go héigeantach ó chaighean nó ó chaighin feirme go caighean nó ó chaighin feirme eile ionas gur féidir líon na n-aonán tuinníní gorma a chomhaireamh trí fhís-sleachta rialaithe a úsáid.

2. Socróidh gach Ballstát feirme líon íosta rialuithe randamacha a bheidh le déanamh ar gach feirm faoina cheannasacht. Cumhdóidh líon na rialuithe randamacha 10 % ar a laghad de líon na gcaighean i ngach feirm tar éis oibríochtaí cur i gcaighean a chur i gcrích, lena mbaineann rialú amháin ar a laghad in aghaidh na feirme agus a bhailiú le chéile i gcás inar gá. Beidh roghnú na gcaighean a bheidh le rialú

bunaithe ar anailís riosca. Léireofar an phleanáil le haghaidh rialuithe randamacha atá le cur i gcrích i bplean rialaithe an Bhallstáit dá dtagraítear faoi Airteagal 10.

3. Cé nach bhfuil gá leis sin, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm, an fheirm nó na feirmeacha lena mbaineann a chur ar an eolas faoi réamhfhógra uasta dhá lá féilire go ndéanfar an rialú randamach nó na rialuithe randamacha. Ní chuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit feirme an caighean roghnaithe nó na caighin roghnaithe in iúl d'oibreoir na feirme ach amháin nuair a shroichfidh sé an fheirm lena mbaineann.

4. I gcás ina dtugtar fógra roimh ré, áiritheoidh oibreoirí feirme go bhfuil gach modh i bhfeidhm ionas gur féidir le húdarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm rialuithe randamacha a dhéanamh tráth ar bith, agus in aon chaighean ar an bhfeirm. Mura dtugtar fógra roimh ré, ní mór d'oibreoirí feirme gach beart iomchuí a dhéanamh chun na hoibríochtaí rialaithe randamacha a éascú.

5. Féachfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm leis an tréimhse idir ordú na rialuithe randamacha agus an tráth a dhéantar na hoibríochtaí rialaithe a laghdú. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm go ndéanfar na bearta uile is gá chun a áirithiú nach mbeidh an deis ag an oibreoir na caighin lena mbaineann a chúbláil go dtí go ndéanfar an rialú randamach.

6. Tar éis an rialaithe randamaigh, déanfar aon difríocht idir líon na dtuinníní gorma a chinntear leis na rialuithe randamacha agus an líon a mheastar a bheidh sa chaighean a imscrúdú go cuí agus a thaifeadadh i gcóras r-DGTG. I gcás an fharasbairr, ordóidh údarás inniúil an Bhallstáit

feirme an líon comhfhreagrach éisc a scaoileadh. Déanfar an oibríocht scaoilte a sheoladh i gcomhréir le hIarscríbhinn XII. Ní cheadófar cúiteamh as difríochtaí idir caighin éagsúla ar an bhfeirm. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lamháil earráide 5 % a cheadú idir líon na ndaoine aonair a eascraíonn as an aistriú rialaithe agus an líon ionchasach sa chaighean.

7. Coinneoidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an fheirm fís-sleachta uile rialuithe randamach a dhéantar ar fheirmeacha faoina ndlínse ar feadh trí bliana ar a laghad agus coinneoidh siad an fhaisnéis a fhad is gá chun críocha forfheidhmithe.

8. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na rialuithe randamacha in iúl do Rúnaíocht ICCAT roimh thús an tséasúir peas-saighne nua is infheidhme maidir le gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 16, lena gcur ar aghaidh chuig an gCoiste um Chomhlíonadh.

Airteagal 56f

Aistrithe idir feirmeacha

1. Ní dhéanfar tuinniní gorm beo a aistriú idir dhá fheirm éagsúla gan údarú i scríbhinn a fháil roimh ré ó údaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil an dá fheirm.

2. Comhlíonfaidh an t-aistriú ó chaighean na feirme is deontóir go dtí an caighean iompair ceanglais Roinn 6 den Rialachán seo lena n-áirítear fístaifead chun deimhniú a dhéanamh ar líon na n-aonán tuinníní gorma a aistríodh, ar chomhlánú ITD agus ar fhíorú na hoibríochta ag Breathnóir Réigiúnach de chuid ICCAT. D'ainneoin an mhéid thuas, i gcásanna ina mbeidh an caighean feirme ar fad le haistriú chuig an bhfeirm ghlactha, ní bheidh sé riachtanach fístaifeadadh a dhéanamh ar an oibríocht agus déanfar an caighean sealaithe a iompar chuig an bhfeirm is ceann scríbe.

3. Beidh cur i gcaighean an tuinnín ghoirm ag an bhfeirm is ceann scríbe faoi réir na gceanglas maidir le hoibríochtaí cur i gcaighean a leagtar síos in Airteagal 45, lena n-áirítear físaifead chun líon agus meáchan na dtuinníní gorma a cuireadh i gcaighean a dheimhniú agus fíorú na hoibríochta ag Breathnóir Réigiúnach de chuid ICCAT. Ní bheidh feidhm ag cinneadh mheáchan na n-iasc a chuirtear i gcaighean ó fheirm eile go dtí go mbeidh algartam forbartha ag SCRS chun an fad a choinbhéartú ina mheáchan le haghaidh éisc ramhraithe agus/nó éisc saothraithe.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2n (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 57

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2n) Leasaítear Airteagal 57 mar seo a leanas:
	(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:
	'1. De mhaolú ar Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh na Ballstáit bhrataí córais um fhaireachán soithí (VMS) a chur chun feidhme maidir le gach soitheach iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu atá 12 mhéadar nó níos mó san iomlán agus i gcás gach soithigh tarraingthe, beag beann ar a bhfad. Déanfaidh na soithí uile dá dtagraítear sa

chéad fhomhír sonraí suímh an tsoithigh a tharchur uair amháin ar a laghad gach dhá uair an chloig, seachas i gcás soithí tarraingthe agus soithí peas-saighne a tharchuirfidh ar a laghad gach uair an chloig.';

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

'2. Na soithí iascaireachta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 26(1), tosóidh siad ar shonraí VMS a tharchur chuig ICCAT 5 lá ar a laghad roimh a dtréimhse údaraithe agus leanfaidh siad ar a laghad 5 lá tar éis a dtréimhse údaraithe, ach amháin má chuirtear iarraidh roimh ré chuig an gCoimisiún go mbainfí an soitheach de thaifead ICCAT ar shoithí.';

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Déanfar sonraí VMS ó na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún mar a fhoráiltear i mír 1.';

(d) I mír 5, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(ba) i gcás mífheidhmiú teicniúil ar an VMS, déanfar soitheach tarraingthe eile a bhfuil VMS lánfheidhmiúil aige a chur in ionad an tsoithigh tarraingthe lena mbaineann. Mura bhfuil aon soitheach tarraingthe eile ar fáil, déanfar córas nua oibríochtúil VMS a shuiteáil ar bord nó a úsáid má tá sé suiteáilte cheana, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig, ach amháin i gcás force majeure, agus ba cheart é sin a chur in iúl do Rúnaíocht ICCAT. Idir an dá linn, déanfaidh máistrí nó a n-ionadaithe, ón tráth ar braitheadh an teagmhas agus/nó a cuireadh ar an eolas é, comhordanáidí geografacha nuashonraithe an tsoithigh tarraingthe a chur in iúl trí mhodhanna teileachumarsáide iomchuí d'údaráis rialaithe an Bhallstáit brataí gach 1 uair an chloig.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 o (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 59 – teideal

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2o) in Airteagal 59, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
	'Cigireachtaí i gcás sáruithe amhrasta'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 p (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 61

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2p) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 61:
	'Airteagal 61
	Forfheidhmiú
	Gan dochar d'Airteagail 89 go 91 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus go háirithe dualgas na mBallstát bearta forfheidhmiúcháin iomchuí a dhéanamh

maidir le soitheach iascaireachta, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm/as na feirmeacha tuinníní gorma bearta forfheidhmiúcháin iomchuí maidir le feirm i gcás ina mbeidh sé suite, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, nach gcomhlíonann an fheirm sin forálacha Airteagail 45 go 55. Féadfar a áireamh ar na bearta sin, ag brath ar a thromchúisí a bhí an cion agus i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta, an t-údarú a chur ar fionraí nó tarraingt siar ó Thaifead ICCAT de Shaoráidí Feirmeoireachta Tuinníní Gorma arna bhunú i gcomhréir le mír 61 de Mholadh 22-08 agus/nó fíneálacha.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 q (nua)
Rialachán (AE) XX/2023
Airteagal 66 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2q) in Airteagal 66, leasaítear mír 1 mar a leanas:
	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):
	'(a) tabhairt anonn bhliantúil na dtuinníní gorma faoi Airteagal 8;
	(b) na sprioc-amanna ar fúthu nach mór faisnéis a thuairisciú mar a leagtar síos in Airteagail 15(7), 16(1), 24(4) 24(4), 26(1), 29(1), 32(2) agus (3), 35(5) agus (6), 36, 41(3), 44(2), 51(7), 52(1), 55, 57(5), pointe (b) agus 58(6);

(c) na tréimhsí ama le haghaidh tréimhsí iascaireachta dá bhforáiltear in Airteagal 17(1) go (4);

(b) Cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(ka) inneachar an dearbhuithe maidir le tabhairt anonn d'Airteagal 7(1), pointe (a), agus forálacha maidir le cur i gcaighean d'Airteagal 7(2), pointe (b)';

(kb) maoluithe Airteagal 17(2) chun limistéir iascaireachta, soithí iascaireachta agus trealamh a ainmniú, agus maoluithe Airteagal 17(3) maidir le tuinníní gorma a iascach chun críocha feirmeoireachta;

(kc) coinníollacha maidir le Breathnóir Réigiúnach a shannadh d'fheirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 39(4);

(kd) dualgais na mBallstát agus inneachar na tuarascála bliantúla maidir le cur i gcaighean dá dtagraítear in Airteagal 55.'

Or. en

Réasúnú

Leasaítear moladh 21-08 le Moladh 22-08 ó ICCAT lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 r (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2r) Déantar an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a chur isteach mar Iarscríbhinní XVa, XVb agus XVc a ghabhann le Rialachán (AE) XX/2023.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn
Rialachán (AE) 2017/2107
Iarscríbhinn VIII a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	Iarscríbhinn VIIIa
	Íoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta láimhseála sábháilte agus scaoilte beo
	Leis an méid seo a leanas, cuirtear íoschaighdeáin ar fáil maidir le cleachtais láimhseála shábháilte do shiorcanna mácó biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas agus áirítear leis moltaí sonracha maidir le hiascaigh spléireachta agus pheas-saighne araon. Tá na híoschaighdeáin sin oiriúnach do shiorcanna mácó biorshrónacha beo nuair a scaoiltear saor iad, bídís faoi bheartais neamhchoinneála, nó nuair a scaoiltear go deonach iad. Ní thagann na treoirlínte bunúsacha sin in ionad aon rialacha sábháilteachta níos déine a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ag údaráis náisiúnta na mBallstát aonair.
	Tús áite don sábháilteacht: Déanfar na híoschaighdeáin sin a mheas i bhfianaise na sábháilteachta agus na praiticiúlachta don chriú. Tabharfar tús áite do shábháilteacht na foirne i gcónaí. Ar a laghad, caithfidh an criú lámhainní oiriúnacha agus seachnóidh siad obair thart ar bhéal siorcanna. Oiliúint:
	Tá ábhair oiliúna ar fáil do na Ballstáit sna trí theanga oifigiúla de chuid ICCAT. Modh scaoilte: A mhéid is féidir, fanfaidh na siorcanna uile atá á scaoileadh saor san uisce i gcónaí mura gá siorcanna a ardú chun speicis a shainaithint. Áirítear leis sin an líne a

ghearradh chun an siorc a shaoradh agus é fós san uisce, ag baint úsáide as gearrthóirí boltaí nó as uirlisí bainte duáin chun an duán a bhaint más féidir, nó an líne a ghearradh chomh gar don duán agus is féidir (agus mar sin a lú de líne shraoilleach a fhágáil agus is féidir).

Bí ullamh: Ullmhófar uirlisí roimh ré (e.g., canbhás nó slisní eangaí, sínteáin chun iad a iompar nó a ardú, eangach mór mogaill nó greille chun haistí/coimeadáin in iascaigh pheas-saighne a chlúdach, gearrthóirí agus gearrthóirí a láimhseáiltear ar fad in iascaigh spiléireachta, etc., a liostaítear ag deireadh an doiciméid sin).

Moltaí ginearálta i gcás gach iascaigh

(1) Má tá sé sábháilte ó thaobh oibríochta de déanamh amhlaidh, stopfar an soitheach nó laghdófar a luas go suntasach.

(2) Nuair a bhíonn an siorc i bhfostú (in eangach, líne iascaireachta, etc.), má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh, gearr an eangach/líne go cúramach saor ón ainmhí agus scaoil saor chun na farraige é a luaithe is féidir gan aon fholús a bheith ceangailte leis.

(3) Más féidir, agus an siorc á choinneáil san uisce, déan iarracht fad an tsiorc a thomhas.

(4) Chun greamanna a chosc, cuir rud ar nós iasc nó bata mór/cuaille adhmaid, sa ghialla.

(5) Más rud é, ar chúis ar bith, go gcaithfear siorc a thabhairt ar an deic, déan é a chur ar ais san uisce chomh tapa agus is féidir chun marthanas a mhéadú agus chun rioscaí don chriú a laghdú.

Cleachtais láimhseála sábháilte shonracha maidir le hiascaigh spiléireachta

(1) Tabhair an siorc chomh gar don soitheach agus is féidir gan an iomarca teannas a chur ar an snúda chun a

sheachaint go bhféadfadh duáin nó snúda scaoilte duáin, meáchain agus codanna eile i dtreo na soithí agus an chriú ag luas ard.

(2) An taobh thall de phríomhlíne spiléir a dhaingniú chuig an mbád ionas nach dtarraingeoidh aon fhearas atá fágtha san uisce ar an líne agus ar an ainmhí.

(3) Má bhíonn duán iontú , agus an duán le feiceáil sa chorp nó sa bhéal, bain úsáid as uirlis bainte duáin nó gearrthóir líne chun an frídín duáin a bhaint, agus an duán a bhaint ina dhiaidh sin.

(4) Mura féidir an duán a bhaint nó mura féidir an duán a fheiceáil, gearr líne an rian (nó an snúda , an treorach) chomh gar agus is féidir don duán (más féidir, a lú de líne agus nó ábhar treoraí agus is féidir agus gan aon mheáchain ceangailte leis an ainmhí)

Cleachtais láimhseála sábháilte shonracha maidir le hiascaigh peas-saighne

(1) Más in eangach peas-saighne: Déan an eangach a shíneadh amch chomh fada chun tosaigh agus is féidir chun na siorcanna a fheiceáil go luath chun freagairt go tapa a chumasú. Seachain iad a ardú san eangach i dtreo na hulóieg meicniúla Luas an tsoithigh a laghdú chun teannas na heangaí a shlaiceadh agus chun ligean don ainmhí atá i bhfostú a bhaint den líon. Más gá, bain úsáid as bearrthóirí chun an eangach a ghearradh.

(2) Má tá sé i dtéada beaga nó ar deic: Bain úsáid as eangach lasta saintógtha mór-mhogall nó slisne canbháis nó uirlis den chineál céanna. Má cheadaítear le leagan amach an tsoithigh, d'fhéadfaí na siorcanna sin a scaoileadh freisin trí na téada beaga a fholmhú go díreach ar choimeádán agus trí rampa scaoilte atá á choinneáil suas ar uillinn a nascann le hoscailt ar ráille na deice bairr, gan gá

leis an gcriú é a ardú nó a láimhseáil.

Cleachtais thoirmiscthe i gcás gach iascaigh

(1) A mhéid is féidir, déan siorcanna a ardú as an uisce agus úsáid á baint as an snúda, go háirithe má tá duán iontu mura gá siorcanna a ardú chun speicis a shainaithint.

(2) Ní ardófar siorcanna trí shreanga nó cáblaí tanaí a úsáid, nó tríd an eireaball amháin.

(3) Ní dhéanfar siorcanna a bhualadh i gcoinne aon dromchla chun an t-ainmhí a bhaint den eangach.

(4) Iarracht duán a bhogadh atá i bhfostú go domhain agus nach bhfuil le feiceáil.

(5) Déan iarracht duán a bhaint trí tharraingt go géar ar an snúda.

(6) Gearr an t-eireaball nó aon chuid eile den chorp.

(7) Gearr nó cuir poill tríd an siorc.

(8) Siorc a gheafáil nó a chiceáil, nó lámha a chur isteach sna scoilteanna geolbhaigh.

(9) An siorc a nochtadh don ghrian ar feadh tréimhsí fada.

(10) Cuir do mhéara, do lámha nó d'airm san eangach agus siorc nó roc á thabhairt ar an mbád (d'fhéadfadh gortú tromchúiseach a bheith mar thoradh air).

Uirlisí úsáideacha le haghaidh láimhseáil agus scaoileadh sábháilte

(1) Lámhainní (tá craiceann siorcanna garbh; cinntíonn sé go ndéantar siorcanna a láimhseáil go sábháilte agus go gcosnaítear lámha na foirne ó ghreamanna)

(2) Tuáille nó éadach (is féidir tuáille nó éadach sáithithe in uisce na farraige a chur ar shúile an tsiorca; a úsáidtear chun siorcanna a shocrú síos)

(3) Uirlis bainte duáin (e.g., gearrthóir líne eireaball muice, gearrthóirí boltaí nó greamairí gearrtha)

(4) Úim nó sínteán siorcanna (más gá)

(5) Rópa eireaball (chun siorc a bhfuil duán ann a dhaingniú más gá é a bhaint den uisce)

(6) Píobán sáile (Má táthar ag súil leis go bhféadfadh sé go mbeadh níos mó ná 5 nóiméad ag teastáil chun siorc a scaoileadh, ansin cuir píobán isteach ina bhéal ionas go mbeidh an sáile ag sreabhadh go measartha isteach ann. Déan cinnte go bhfuil caidéil deice ar siúl ar feadh roinnt nóiméad roimh é a chur i mbéal siorca)

(7) Feiste tomhais (e.g., déan cuaille, treoraí agus snámhán a mharcáil, nó téip tomhais)

(8) Bileog sonraí chun gach gabháil a thaifeadadh

(9) Trealamh clibeála (más infheidhme)

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn
Rialachán (AE) 2017/2107
Iarscríbhinn VIII b (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	Iarscríbhinn VIIIb
	Treoirlínte maidir le tionchar éiceolaíoch FADanna in iascaigh ICCAT a laghdú
	1. Ní chlúdófar struchtúr dromchla an FAD, ná ní chumhdófar é ach le hábhar a mbeadh an riosca is lú go ndéanfaí speicis foghabhála a chur i

bhfostú ann ag gabháil leis.

2. Beidh na comhpháirteanna fodhromchla comhdhéanta go heisiach d'ábhar neamhluaite (e.g. téada nó canbhás).

3. Agus FADanna á ndearadh, tabharfar tosaíocht d'úsáid ábhar in-bhithmhillte.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn
Rialachán (AE) 2017/2107
Iarscríbhinn VIII c (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	Iarscríbhinn VIIIc
	Cleachtais Láimhseála agus Scaoileadh Sábháilte do Thurtair Mhara
	Láimhseáil agus scaoileadh sábháilte peaslíonta saighne
	(1) Aon uair a fheictear turtar mara sa líon, déanfar gach iarracht réasúnach an turtar mara a tharrtháil sula rachaidh sé i bhfostú sa líon.
	(2) Ní úsáidfear dorú atá ceangailte de chorp turtair mhara, nó a bhfuil corp turtair mhara imithe i bhfostú ann, chun an turtar a tharraingt as an uisce.
	(3) Má bhíonn turtar mara i bhfostú le linn an rollála lín, stopfar an rollóir lín a luaithe a thiocfaidh an turtar as an uisce; déanfar an turtar a bhaint as fostú gan é a ghortú sula n-atosófar ar an rolláil lín;
	(4) Más rud é, d'ainneoin na mbeart a rinneadh, go ndéantar turtar mara a thabhairt de thaisme ar bord an tsoithigh agus go bhfuil sé beo agus gníomhach, nó

marbh, scaoilfear saor an turtar mara chomh tapa agus is féidir.

(5) Má thugtar turtar mara ar bord an tsoithigh agus má tá sé i dtámhshuan nó neamhghníomhach, déanfar iarracht ar athbheochan

Láimhseáil agus scaoileadh sábháilte an tsoithigh spléir

(1) Nuair is indéanta, agus nuair a bheidh an t-oibreoir nó an criú oilte, tabharfar turtair mhara ar bord láithreach agus iad i dtámhshuan.

(2) Tar éis turtar mara a fheiceáil, cuirfear moill ar luas an tsoithigh agus an ríl eangaí agus déanfar treo an tsoithigh a choigeartú chun bogadh i dtreo an turtair mhara, agus an teannas ar an líne a laghdú a oiread is féidir.

(3) Ní úsáidfear dorú atá ceangailte de chorp turtair mhara, nó a bhfuil corp turtair mhara imithe i bhfostú ann, chun an turtar a tharraingt as an uisce.

(4) Má tá turtar mara rómhór nó má tá duán ann sa chaoi nach féidir bordáil go sábháilte gan damáiste breise a dhéanamh don turtar mara nó díobháil bhreise a dhéanamh dó, úsáidfear bearrthóirí eangaí chun an líne a ghearradh agus an oiread líne agus is féidir a bhaint amach sula scaoilfear an turtar mara.

(5) Má fheictear go bhfuil duán sa turtar mara nó á chur i bhfostú ag trealamh spléireachta le linn oibríochtaí tarlaithe, scoirfidh oibreoir an tsoithigh d'oibríochtaí a tharlú láithreach go dtí go mbainfear an turtar mara den trealamh spléireachta nó go dtí go dtabharfar ar bord an tsoithigh é.

(6) Má bhíonn duáin sheachtracha nó duán go hiomlán infheicthe, bainfear duáin de thurtair mhara chomh tapa agus chomh cúramach agus is féidir. Mura féidir duán a bhaint de thurtar mara (e.g. slogtha nó díon béil), gearrfar an eangach

chomh gar agus is féidir don duán.

(7) Cuirfear turtair mhara bheo ar ais san fharraige tar éis iad a láimhseáil mar seo a leanas:

(a) inneall an tsoithigh a chur i bhfearas neodrach ionas go mbeidh an lián dícheangailte agus go stopfar an soitheach, agus an turtar mara a scaoileadh saor ón bhfearas atá imscartha; agus

(b) á thabhairt faoi deara go bhfuil an turtar mara go sábháilte ar shiúl ón soitheach sula rachfaí i mbun an liáin agus sula leanfaí sé ar aghaidh.

(8) Má thugtar an turtar mara ar bord an tsoithigh agus má tá sé i dtámhshuan nó neamhghníomhach, déanfar iarracht ar athbheochan (mír 3)

Athbheochan le haghaidh turtar mara ar bord

(1) Agus turtar mara á láimhseáil, déanfar iarracht an t-ainmhí a choinneáil ag an mblaosc, ag seachaint réigiún an chinn agus an mhuineál, agus na lapaí.

(2) Iarracht a dhéanamh aon earraí coimhthíoch a bhaint agus/nó a bhaint den turtar mara, amhail aon earraí plaisteacha, líontán, nó crúcaí leabaithe, etc.

(3) A chur ar an turtar farraige ar a bhlaosc bun (plastron) ionas go mbeidh an turtar farraige taobh deas suas, scoite amach go sábháilte agus doghluaiste ar dhromchla cushioned, ar nós bonn gluaisteán gan imeall, cúisín bád, nó corn de rópa. Is é príomhchuspóir an dromchla cushioned chun an turtar farraige ón deic chun cabhrú le srian a chur air. A ceathrúna deiridh a ardú ar a laghad 6 orlach (15 cm) ar feadh tréimhse 4 suas le 24 uair an chloig. Braitheann a airde sin ar méid an turtair; tá arduithe níos mó ag teastáil le haghaidh turtair farraige níos mó. Go tréimhsiúil, déan an turtar farraige a luascadh go réidh ó chlé go

deas agus ar dheis ar chlé ag a bhfuil an imeall seachtrach an bhlaosc (carapace) agus ardú taobh amháin thart ar 3 orlach (8 cm) ansin malartach ar an taobh eile. Déan teagmháil go réidh leis an tsúil agus bain pinse as an eireaball (tástáil Reflex) go tréimhsiúil chun a fháil amach an bhfuil freagra ann.

(4) Déanfar turtair mhara atá á n-athbheocan a scáthú agus a choinneáil tais nó tais ach ní chuirfear i gcoimeádán uisce iad ar chúinse ar bith. Is é tuáille uisciúil, a chuirtear thar an ceann, carapace, agus lapaí an modh is éifeachtaí chun turtar farraige a choinníol tais.

(5) Turtair mhara a thagann athbheochaorthu agus a thiocfaidh chun bheith gníomhach, ní scaoilfear saor iad thar phosta an bháid ach amháin nuair nach bhfuil trealamh iascaireachta in úsáid (i.e. nach bhfuil sé á chur nó á tharraingt go gníomhach), nuair atá giaranna an innill i suíomh neodrach, agus i limistéir nach dócha go ndéanfaidh soithí iad a athghabháil nó a ghortú.

(6) Turtair mhara nach bhfreagraíonn don tástáil sholúbthachta nó nach ngluaiseann laistigh de 4 huaire an chloig (suas le 24 uair an chloig, más féidir), cuirfear ar ais san uisce iad ar an mbealach céanna leis an turtair mhara atá ag gluaiseacht go gníomhach.'

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn
Rialachán (AE) XX/2023
Iarscríbhinn XV a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	Iarscríbhinn XVa
	Nós imeachta maidir le hoibríochtaí séalaithe caighin iompair
	Sula n-imscarfar iad ar shoitheach peas-saighne, ar ghaiste, nó ar shoitheach tarraingthe, déanfaidh an soláthraí atá freagrach as na Rialacha Nós Imeachta 25 shéala ICCAT ar a laghad a sholáthar do gach breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT atá faoina bhfreagracht agus coinneoidh sé taifead ar na séalaí arna soláthar agus arna n-úsáid.
	Beidh máistir an tsoithigh gabhála nó an soitheach tarraingthe nó a ionadaí, nó ionadaí feirme nó gaiste, as a dtionscnaíonn oibríocht aistrithe freagrach as na caighin a shéalú. Chun na críche sin, cuirfear trí shéala ar a laghad, a chuirfear ar bhealach a chuirfidh cosc ar oscailt na ndoirse gan na séalaí a bhriseadh, ar dhoras gach caighean.
	Is éard a bheidh san oibríocht séalaithe fístaifeadadh ag máistir an tsoithigh gabhála nó tarraingthe nó ag a ionadaí, nó ag ionadaí feirme nó gaiste, as a dtionscnaíonn oibríocht aistrithe agus beifear in ann na séalaí a shainaithint agus a fhíorú gur cuireadh na séalaí i gceart. Comhlíonfaidh an físeán mír (1) (a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn X. Beidh an fís-sleachta lena mbaineann in éineacht leis an iasc go dtí an fheirm is ceann scríbe. Coinneofar cóip ar bord an tsoithigh deontóra nó na soithí deontóra, leis an ngaiste nó leis na gaistí nó leis an bhfeirm/na feirmeacha, agus beidh rochtain uirthi nó orthu chun críocha rialaithe tráth ar bith le linn an fheachtais iascaireachta. Cuirfear cóip den fhís-sleachta ar fáil do bhreathnóir réigiúnach ICCAT atá ar bord na soithí peas-saighne nó ar an ngaiste, nó don bhreathnóir náisiúnta ar an soitheach tarraingthe

glactha, lena tarchcur chuig údarás inniúil CPC nó breathnóir réigiúnach atá i láthair ag an aistriú rialaithe ina dhiaidh sin.

Áireofar sa fhíseán den aistriú rialaithe ina dhiaidh sin an oibríocht neamhshéalaithe, a dhéanfar ar bhealach ina bhféadfar na séalaí a shainaithint agus a fhíorú nach ndearnadh crioscaíl leis na séalaí.

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn
Rialachán (AE) XX/2023
Iarscríbhinn XV b (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	Iarscríbhinn XVb
	Teimpléad le haghaidh dearbhú próiseála agus dearbhú buainte
	Próiseáil/Buaint (déan ceachtar a chiorclú)
	Dáta na buainte(l/m/b): / /
	Feirm/ Gaiste (déan ceachtar a chiorclú)
	Uimhir/Uimhreacha an chaighin/na gcaighean:
	Líon na n-aonán a bhuaintear:
	Beomheáchan i gcileagraim an tuinnín ghoirm a bhuaintear:
	Meáchan i gcileagraim an tuinnín ghoirm a bhuaintear:
	uimhir/uimhreacha r-DGTG a bhaineann leis an tuinnín gorm a bhuaintear:
	Mionsonraí na soithí cúnta a bhfuil baint acu leis an oibríocht: Ainm: Bratach: Cláruimhir ICCAT:

Ceann scríbe an tuinnín bhuainte (onnmhairiú, margadh áitiúil, nó eile) (déan an ceann scríbe a chiorclú) I gcás eile, sonraigh, le do thoil, an méid seo a leanas:

Bailíochtú ag breathnóir réigiúnach ICCAT nó breathnóir CPC, de réir mar is iomchuí: Breathnóir

Ainm:

Uimh. ICCAT:

Síniú:

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn
Rialachán (AE) XX/2023
Iarscríbhinn XV c (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	Iarscríbhinn XVc
	Faisnéis atá le cur ar fáil don dearbhú maidir le tabhairt anonn bliantúil
	(a) Ballstát Brataí;
	(b) ainm agus uimhir ICCAT na feirme,
	(c) bliain na gabhála;
	(d) Tagairtí don Doiciméad um Ghabháil Tuinníní Gorma (DGTG) a chomhfhreagraíonn do na gabhálacha a thugtar anonn;
	(e) Uimhreacha na gcaighean;
	(f) Cainníochtaí (arna sloinneadh in kg) agus líon na n-iasc a thabhairt anonn;
	(g) Meánmheáchan;
	(h) Faisnéis faoi gach ceann de na hoibríochtaí measúnaithe tabhairt anonn:

dáta agus uimhreacha na gcaighean;

(i) Faisnéis maidir le haistrithe laistigh den fheirm roimhe seo, nuair is infheidhme.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

CÚLRA

Tá Coinbhinsiún ICCAT ina chreat do chomhar réigiúnach i ndáil le caomhnú agus bainistiú tuinníní agus speicis atá cosúil le tuinníní san Aigéan Atlantach agus sna farraigí máguaird tríd an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú ('ICCAT') a bhunú.

Is é cuspóir an chomhbheartais iascaigh (CBI), mar a leagtar amach iRialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairlea áirithiú go ndéanfar acmhainní bitheolaíocha na mara a shaothrú ar chaoi a chothóidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta. Is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ('Coinbhinsiún ICCAT') ón 14 Samhain 1997.

Tá an t-údarás ag ICCAT moltaí ceangailteacha a ghlacadh maidir le caomhnú agus bainistiú na n-iascach atá faoina chúram. Is ar Pháirtithe Conarthacha ICCAT go háirithe a bhíonn na gníomhartha dírithe ach cuireann siad oibleagáidí ar oibreoirí príobháideacha (máistrí soithigh mar shampla) chomh maith. Tagann moltaí ICCAT i bhfeidhm sé mhí tar éis a nglactha agus, i gcás AE, ní mór iad a achtú i ndlí an Aontais.

ÁBHAR AN TOGRA

Tá roinnt forálacha sa togra lena gcumhdaítear Moltaí ICCAT lena modhnaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- sainmhínithe ar shoithí tacaíochta agus ar fheistí comhbhailithe éisc , cur feistí comhbhailithe éisc FAD, ní snámhach, agus baoi oibríochtúil de réir Mholadh ICCAT 19-02;
- teorainneacha acmhainneachta maidir le tuinníní trópaiceacha, agus toirmeasc ar ábhar muirí aischurtha ó shoithí peas-saighne nach mór a chur chun feidhme i ndlí an Aontais de réir Mholadh ICCAT 17-01;
- forálacha nua maidir le FAD a chur in úsáid agus cumhdach breathnóra de réir Mholadh ICCAT 19-02;
- forálacha maidir le Tuinníní Colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas de réir Mholtaí ICCAT 16-06 agus 16-07, lena n-áirítear forálacha maidir le tabhairt anonn, chomh maith le tabhairt anonn cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas de réir Mholtaí ICCAT 17-02 agus 17-03;
- forálacha maidir le bailiú sonraí le haghaidh cholgáin na ndealg agus mairlíní de réir Mholtaí ICCAT 16-11, 18-05, 19-05;
- forálacha maidir le tuinníní mórshúileacha a thabhairt anonn de réir Mholadh ICCAT 21-01.
- Maidir le siorcanna, tá forálacha nuashonraithe sa togra maidir le sonraí a bhailiú i dtaca le mácónna biorshrónacha agus siorcanna de réir mholtaí ICCAT 19-06, 19-07 agus 19-08. Ina theannta sin, de réir Mholtaí ICCAT (16-14, 16-15, 18-10, 19-10), tá forálacha sa togra maidir le minicíocht tarchurtha sonraí le haghaidh soithí peas-saighne, forálacha nua maidir le Taifead ICCAT ar shoithí iompair, chomh maith le dualgais na

mBallstát i dtaca le hiompar faoi chlár breathnóirí réigiúnacha ICCAT, lena n-áirítear cumhdach íosta breathnóra;
- Le Moladh ICCAT 19-02 maidir le freagrachtaí na mbreathnóirí eolaíocha, ní mór Rialachán 2017/2107 a nuashonrú, lena n-áirítear cumhdach breathnóra.
- dualgais maidir le soithí a aimsiú de réir Mholadh ICCAT 19-09, agus ainmneacha speiceas nua atá cumhdaithe ag ICCAT chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú de réir Mholadh ICCAT 19-01.

Ina theannta sin, moltar sa togra an Rialachán (AE) XX/2022 maidir leis an bplean ilbhliantúil don Tuinnín Gorm a leasú leis an dearbhú ó na Ballstáit i dtaca le tabhairt anonn bhliantúil agus forálacha áirithe maidir le cur i gcaighean, de réir Mholadh ICCAT 06-07, chomh maith le tabhairt anonn bhliantúil tuinníní mórshúileacha de réir Mholadh ICCAT 21-01.

Moltar sa togra freisin leasú a dhéanamh ar chumhachtú an Choimisiúin Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú tar éis athruithe a rinneadh ina dhiaidh sin arna nglacadh ag ICCAT maidir leis an méid seo a leanas: (i) teorainneacha acmhainneachta maidir le tuinníní trópaiceacha agus tuairisciú a phlean bhliantúil acmhainneachta/iascaireachta; (ii) cuóta bliantúil le haghaidh tuinníní mórshúileacha; tuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas agus colgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas a thabhairt anonn; (iii) pleananna bainistithe i ndáil le feistí um chomhbhailiú éisc; (iv) an líon baoithe gléasta; (v) ceanglais FAD; (vi) faisnéis atá le cur isteach ag soithí maidir le FADanna; (vii) toirmeasc ar thréimhsí FAD; (viii) srianta ar an líon soithí a dhéanann iascaireacht ar thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh; (ix) an plean bainistithe um cholgáin an Atlantaigh Thuaidh; (x) coinníollacha chun gabháil a údarú agus chun mácónna biorshrónacha a choinneáil; (xi) ceanglais chun go dtiocfaidh a oiread turtar mara agus is féidir slán; (xii) céatadán íosta an chumhdaigh breathnóra agus tomhas chéatadán an chumhdaigh; agus (xiii) liosta speicis ICCAT.

TUAIRIM AN RAPÓIRTÉARA

Chun cur chuige cothrom a bheith ann lena n-áirithítear saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara mar aon le cothrom iomaíochta i limistéar choinbhinsiún ICCAT, ba cheart na moltaí a thrasuí i ndlí an Aontais ar an mbealach is cruinne is féidir. Ba cheart go mbeadh na coinníollacha agus na bearta céanna ag cabhlach iascaireachta an Aontais agus atá á gcur i bhfeidhm ag cabhlaigh iascaireachta tríú tíortha atá ag oibriú sa limistéar.

Sa bhreis ar na forálacha a áirítear i dtogra COM (2022) 171 final — 2022/0111 (COD), chuir an rapóirtéir na moltaí ICCAT is nuashonraithe san áireamh agus, dá bhrí sin, cuireadh go leor leasuithe eile san áireamh chun moltaí a glacadh le linn cruinnithe bliantúla 2019, 2020, 2021 agus 2022 a thrasuí, ar moltaí iad nár trasuíodh go dtí sin.

Dá bhrí sin, áirítear sa dréacht-tuarascáil sin leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2107 chun bearta ICCAT a chur chun feidhme i ndlí an Aontais maidir le tuinníní trópaiceacha, tuinníní colgacha na Meánmhara, tuinnín colgach an Atlantaigh Thuaidh agus Theas, colgán na ndealg, mairlín gorm agus geal, tuairisciú ar shonraí mairlíní, mácó biorshrónach an Atlantaigh Thuaidh agus Theas, foghabháil turtar, agus forálacha a bhaineann le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), chomh maith le clár breathnóirí ina bhfuil freagrachtaí maidir le breathnóirí eolaíocha, agus liosta nuashonraithe de speicis ICCAT.

Ina theannta sin, leasaítear leis an dréacht-tuarascáil Rialachán (AE) XX/2022 lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (COM(2019) 619 críochnaitheach - 2019/0272 (COD) chun forálacha maidir le bainistiú tuinníní gorma a chur chun feidhme i ndlí an Aontais a bhaineann le sainmhínithe, aistrithe cuótaí, toirmeasc coinneála, iascach spóirt agus áineasa, taifead feirmeacha, tuairisciú, údaruithe aistrithe, aitheantóirí cur i gcaighean, údaruithe maidir le cur i gcaighean, oibríochtaí cur i gcaighean agus a bhfísfhaireachán, rialú cur i gcaighean, gníomhaíochtaí rialaithe buainte sna feirmeacha tar éis cur i gcaighean. Scriostar sa dréacht-tuarascáil tograí tosaigh Airteagal 7 agus Airteagal 46 ós rud é gur cuireadh na forálacha sin san áireamh sa chomhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air i mí Aibreáin 2023 maidir le Rialachán (AE) XX/2022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistithe ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, a ghlacfar go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2023 agus a fhoilseofar in Iris Oifigiúil AE ina dhiaidh sin.